Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

# Tuarascáil Bhliantúil

# 2021

ÁR BHFÍS

# Crannchur Náisiúnta atá sábháilte, inbhuanaithe, a reáchtáiltear i gceart agus a dhéanann cistí do chúiseanna maithe a uasmhéadú.

# Clár Ábhair


**1. Tuarascáil ar Oibríochtaí de bhun Alt 22(3) den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013** 2

1.1 Ráiteas an Rialálaí 3
1.2 Fís, Misean agus Luachanna an Rialálaí 5
1.3 An Fhoireann Bainistíochta 7
1.4 Feidhmeanna an Rialálaí 9
1.5 Maoirseacht ar an Oibreora 10
1.5.1 Feidhmíocht an Oibreora 10
1.5.2 Díolacháin, Cainéil, agus Cistí i leith Cúiseanna Maithe 11
1.5.3 Cosaint Imreoirí 13
1.5.4 Fógraíocht agus Cur Chun Cinn Freagrach 15
1.5.5 Gearáin a Fuarthas 15
1.5.6 Athbhreithnithe Téamúla 17
1.5.7 Forfheidhmiú 18
1.6 Iarratais Rialála faoin Acht agus faoin gCeadúnas 19
1.7 Ciste an Chrannchuir Náisiúnta 22
1.8 Forfheidhmiú Trádmharcanna 25
1.9 Leasuithe ar an gCeadúnas 26
1.10 Gnóthaí Corparáideacha 27
1.10.1 Cianobair agus Obair Chumasc 27
1.10.2 Straitéis 27
1.10.3 Rialachas Corparáideach 28
1.10.4 Acmhainní agus Soláthar Foirne 29
1.10.5 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 29
1.10.6 Iniúchóireacht Inmheánach 29
1.10.7 Bainistíocht Riosca 30
1.10.8 Ceanglais Reachtaíochta 30

Aguisín A: Caighdeáin Feidhmíochta PLI (Premier Lotteries Ireland) 31
Aguisín B: Tuarascálacha Rialta a Fuarthas ó PLI 32
Aguisín C: Iarratais ar Fhaomhadh nó ar Chead faoin gCeadúnas 33

**2. Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta** – Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bhun Alt 22(2) den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 **35**

**3. Ciste an Chrannchuir Náisiúnta** – Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bhun Alt 44(4) den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 **62**

# 1 Tuarascáil ar Oibríochtaí de bhun Alt 22(3) den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013

# 1.1 Ráiteas an Rialálaí



**Carol Boate**
*Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta*

**De réir Ailt 22 agus 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus Chiste an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 a chur i láthair.**

In 2021, aistríodh €289.7 milliún ón gCrannchur Náisiúnta go dtí an Státchiste chun tacú le Cúiseanna Maithe. B'ionann é sin agus méadú 14.0% i gcomparáid le 2020 ar bhonn 'macasamhail le macasamhail' (2020: €270.3 milliún, ar bhain €16.1 milliún de le duaiseanna stairiúla neamhéilithe a bhí imithe in éag).

Tá cuid den mhéadú sin inchurtha i leith na ndíolachán a gineadh le tar-rolladh gan fasach phota óir an Chrannchuir ón 9 Meitheamh 2021 go dtí an 15 Eanáir 2022. Shroich an pota óir €19.1 milliún ar an 29 Meán Fómhair 2021 agus ag an bpointe sin, de réir rialacha an chluiche, cuireadh teorainn leis agus cuireadh céatadán na ndíolachán a chuirfí isteach sa phota óir chun é a fhás i ngach crannchur de gnáth le méadú a dhéanamh ar na duaiseanna a bhuaitear sa chéad leibhéal eile duaiseanna is airde le buaiteoir amháin ar a laghad ina ionad sin. Spreag sé sin suim an phobail go mór. Ar deireadh bhuaigh ticéad singil a mheaitseáil na sé uimhir a tarraingíodh an pota óir de €19.1 milliún ar an 15 Eanáir 2022. Chun cosc a chur ar photaí óir caidhpeáilte tar-rolladh go héiginnte amach anseo, athraíodh rialacha chluiche an Chrannchuir lena chinntiú go mbeadh "Will be Won Draw" ar siúl mura mbuafaí an pota óir i ndiaidh cúig tharraingt.

Déanann m'Oifig roinnt athbhreithnithe réamhghníomhacha gach bliain ar ghnéithe éagsúla d'fheidhmiú an Chrannchuir Náisiúnta. In 2021, fuarthas in athbhreithniú ar rialacha foilsithe maidir le cluichí 'buaigh ar an toirt' ar líne gur tháinig siad i gceart leis na rialacha faofa; mar gheall ar athbhreithniú ar an dóigh a gcuirtear an corrlach buachana i láthair ar scríobchártaí cuireadh an corrlach go mbuafaí an phríomhdhuais ar na scríobchártaí (chomh maith leis an meánchorrlach go mbuafaí duais airgid ar bith); agus deimhníodh in athbhreithniú a rinne comhairleoirí neamhspleácha TF go raibh an tOibreoir ag glacadh na gcéimeanna cuí lena chinntiú go bhfuil an acmhainn agus an cumas riachtanach ag a chórais chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú go cuí agus chun an Crannchur Náisiúnta a chosaint ar chibirionsaithe amach anseo.

In athbhreithniú a rinne m'Oifig in 2021 ar an dóigh a ndeimhnítear aois agus aitheantas custaiméirí cearrbhachais ar líne ar fud an Aontais Eorpaigh fuarthas gurb é an gnáthrud anois é sin a iarraidh nuair a osclaítear cuntas. Cé go bhfuil próisis agus rialuithe éagsúla i bhfeidhm i ndlínsí éagsúla, go ginearálta, táthar ag baint leas as forbairtí teicneolaíochta chun deimhniú aoise agus aitheantais ar líne a fheabhsú. I mí Iúil, scríobh mé chuig an Oibreoir maidir leis an deis feabhas a chur ar na rialuithe reatha ar líne chun dochar ó chearrbhachas fadhbach agus ó chearrbhachas faoi aois a chosc. Dheimhnigh an tOibreoir go raibh sé tiomanta do dheimhniú éigeantach aitheantais a thabhairt isteach do gach cuntas agus go raibh sé ag tástáil roghanna próisis agus teicneolaíochta éagsúla ar fhoghrúpaí imreoirí. Ón 6 Nollaig 2021, rinneadh ina chéim éigeantach é grianghraf de dhoiciméid aitheantais a sholáthar chun táirge an Chrannchuir Náisiúnta a cheannach ar líne trí chuntas nua-chláraithe an Chrannchuir Náisiúnta. Tá an deimhniú éigeantacha aitheantais sin á chur i bhfeidhm ar gach cuntas a cláraíodh roimhe seo ar bhonn céimnithe.

In 2021, cuireadh síneadh le leasú sealadach a rinneadh ar an gCeadúnas in 2020 lenar ceadaíodh próiseas chun duaiseanna a éileamh ó chian, nuair a cuireadh cosc ar imreoirí duaiseanna a éileamh go pearsanta ag Ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta le srianta sláinte poiblí de bharr Covid-19 Tá an tsaoráid sin fós ar fáil agus á coinneáil faoi athbhreithniú. Rinneadh leasú eile ar an gCeadúnas i mí na Bealtaine 2021 chun soláthar a dhéanamh maidir le foirm agus uainiú réiteach riachtanach Chuntas an Chiste Duaiseanna leis na duaiseanna iarbhír a bhuaitear i ngach bliain airgeadais. Maoinítear Cuntas an Chiste Duaiseanna gach seachtain bunaithe ar na duaiseanna a bhfuiltear ag súil le buachan de réir dhearadh gach cluiche crannchuir agus déantar é sin a réiteach go bliantúil anois leis na duaiseanna a bhuaitear.

Forbraíodh an tríú ráiteas straitéise ón Rialálaí in 2021. Sna chéad seacht mbliana ó bhunú na hOifige, tá athrú agus dul chun cinn ollmhór déanta ar oibriú agus ar rialáil an Chrannchuir Náisiúnta. Leis an straitéis do 2022 go 2024 cuirfear ar chumas Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, ORNL, mo chuspóirí reachtúla a chomhlíonadh ar bhealach a fhreagraíonn don tírdhreach ina bhfeidhmíonn an ORNL atá ag athrú de shíor.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair agus don tiomantas atá léirithe ag lucht bainistíocht agus foireann an ORNL le linn tréimhse leanúnach neamhghnách in 2021. D'fhreagair an fhoireann iomlán do na dúshláin a tháinig chun cinn le rún díograiseach agus ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe go léir as a dtacaíocht lena chinntiú go raibh leasanna na n-imreoirí á gcosaint agus go raibh inbhuanaitheacht an Chrannchuir Náisiúnta fós á gcosaint.

**Carol Boate**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**
**Iúil 2022**

# 1.2 Fís, Misean agus Luachanna an Rialálaí

## FÍS an Rialálaí

**Léirítear le fís an Rialálaí na cuspóirí reachtúla a thug an t-Oireachtas di. Is í an fhís:**


"Crannchur Náisiúnta atá sábháilte, inbhuanaithe, a reáchtáiltear i gceart agus a uasmhéadaíonn cistí i leith Cúiseanna Maithe"

Is é ról an Rialálaí maidir leis an bhfís seo a bhaint amach ná trí thabhairt faoina feidhmeanna ar bhealach atá ar aon dul leis na cuspóirí reachtúla a léirítear san fhís. Tá an fhreagracht ar Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú i gcomhlíonadh an Achta agus an Cheadúnais. Déanann an tsamhail airgeadais sa Cheadúnas an tOibreoir a dhreasú chun cistí do Chúiseanna Maithe a uasmhéadú.

## MISEAN an Rialálaí

**Is é misean an Rialálaí chun an fhís seo a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Oibríochtaí an Chrannchuir Náisiúnta a mhaoirsiú agus comhlíonadh mar a éilítear a chur i bhfeidhm.
- Moltaí ón Oibreoir a bhreithniú agus iad a fhaomhadh de réir mar is cuí.
- Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú.
- Cearta forfheidhmithe trádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta a chur i bhfeidhm.
- A chinntiú go nglactar le dea-chleachtas i rialachas i mbainistíocht agus rialachas na hOifige.


Ár luachanna
NEAMHSPLEÁCHAS
Bheith oibiachtúil agus neamhchlaonta
COIMIRCE
Gníomhú ar mhaithe le leas an phobail le hionracas
DÍRITHE AR AN TODHCHAÍ
Eolas, scileanna agus taithí atá ag teacht chun cinn a nuáil agus a chur ibhfeidhm
CUNTASACHT
Muid féin agus daoine eile a choinneáil cuntasach
GAIRMIÚLACHT
Ardchaighdeáin chomhsheasmhacha maidir le hiompar, inniúlacht agus cúirtéis
MEAS A THABHAIRTDÁR NDAOINE
Meas agus tacaíocht a thabhairt dár ndaoine
TRÉDHEARCACHT
Inár gcinnteoireacht agus inár gcumarsáid

# 1.3 An Fhoireann Bainistíochta



**Carol Boate Uasal**
*Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta*

Is tacadóir agus cleachtóir seanbhunaithe í Carol Boate ar rialáil níos fearr ar mhaithe le tomhaltóirí agus leis an ngeilleagar. Tá céim B.A. san Eacnamaíocht agus M.Sc. san Eacnamaíocht aice chomh maith le dioplómaí iarchéime i nDlí Iomaíochta CE agus Rialachas Rialála. Sular ceapadh í ina Rialálaí ar an gCrannchur Náisiúnta, bhí Carol Boate ina Stiúrthóir ar Sheirbhísí Corparáideacha agus, roimhe sin, ina Stiúrthóir ar Rialáil agus Rannpháirtíocht Gnó sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Roimhe sin, bhí sí ag obair san Údarás Iomaíochta, sna réimsí a bhaineann le cumaisc agus éadálacha a rialú agus ag tacú le hathruithe ar dhlíthe agus ar rialacháin lena gcuirtear bac ar iomaíocht éifeachtach den chuid ba mhó.



**An tUasal Derek Donohoe**
*Leas-Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta / Ceann Iniúchóireachta & Airgeadais*

Tá an tUasal Donohoe ina Chomhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann agus tá Dioplóma aige sa Chuntasaíocht Fhóiréinseach. Tá taithí os cionn 35 bliain aige ar chúrsaí cuntasaíochta agus iniúchóireachta. Is iar-chomhpháirtí é i bpríomhchleachtas cuntasaíochta na hÉireann agus tá taithí shuntasach aige ar na réimsí um iniúchóireacht, tuairisciú airgeadais, cuntasaíocht fhóiréinseach, rialachas corparáideach, comhlíonadh, agus athbhreithnithe díchill chuí. Chuir sé seirbhísí iniúchóireachta agus comhlíonta ar fáil do phunann eintiteas rialaithe san earnáil airgeadais le blianta fada.



**Mary McNabola Uasal**
*Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha*

Tá Mary McNabola ina seirbhíseach gairme poiblí le breis agus 30 bliain. Agus í ina gairmí seanbhunaithe san earnáil phoiblí agus cáilíocht aici sa Dlí Fostaíochta, chaith sí 18 mbliana i Roinn Seirbhísí Corparáideacha an Údaráis Náisiúnta Míchumais sula ndeachaigh le hOifig an Rialálaí. D'oibrigh sí ar feadh 15 bliana freisin in oifig Chathaoirleach agus Phríomhfheidhmeannach Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath ag obair ar réimse leathan tionscadal agus tionscnamh a d'éascaigh an eagraíocht ar fad.



**An tUasal Cian O'Sullivan**
*Ceann um Dhlí & um Chomhlíonadh*

Tá an tUasal O'Sullivan ina bhall de Dhlí-Chumann na hÉireann agus cháiligh sé mar aturnae in 2001. Tá céim Baitsiléara sa Dlí Sibhialta agus céim Máistir Dlíthe aige chomh maith le dioplómaí iarchéime arna mbronnadh ag Dlí-Chumann na hÉireann, Institiúid Cánachais na hÉireann, agus an Cumann Árachais Saoil. Sular ceapadh é in ORNL é, bhí sé ina chigire le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim. D'oibrigh sé roimhe sin sna haonaid dlí agus chomhlíonta i gcuideachta mhór árachais agus i bpríomhghnólacht dlí.



**Siobhán Phillips Uasal**
*Ceann ar Chosaint Imreoirí agus Taighde*

Is Síceolaí Cairte í Siobhán Phillips le Cumann Síceolaíochta na hÉireann agus tá céim M.Sc., H. Diop agus céim BA aici sa tSíceolaíocht aici. Sula ndeachaigh sí le ORNL, bhí sí ina Ceann ar Bhonneagar Taighde agus ar Mheastóireacht i bhFondúireacht Eolaíochta na hEorpa. Tá gairm fhada ghairmiúil aici i dtaighde agus meastóireacht beartas poiblí mar shainchomhairleoir agus mar speisialtóir meastóireachta agus tá go leor tuarascálacha foilsithe aici in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Bhí sí ina Ceann ar Aonad Meastóireachta Tionscail Chistí Struchtúracha AE sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar feadh roinnt blianta agus bhí sí ina Meastóir Clár do Chiste Sóisialta na hEorpa freisin.



**An tUasal David Scott**
*Cuntasóir*

Is Comhalta é an tUasal Scott den Institiúid Chairte um Airgeadas Poiblí agus Cuntasaíocht agus tá céim BSc aige sa Mhatamaitic. Tá taithí os cionn 25 bliain aige ar airgeadas, cuntasaíocht, iniúchóireacht agus rialachas corparáideach. Sula ndeachaigh sé le ORNL, bhí an tUasal Scott ina Bhainisteoir Airgeadais agus Riaracháin leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, agus é ag rialú eintitis a fhaigheann maoiniú deontais. Bhí poist aige roimhe sin in earnálacha an oideachais tríú leibhéal agus an rialtais áitiúil in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

# 1.4 Feidhmeanna an Rialálaí

## Forordaítear Feidhmeanna an Rialálaí a thacaíonn leis an bhfís thuas san Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 agus áirítear leo an méid seo a leanas:

1. Cur ar bun an Chrannchuir Náisiúnta a sholáthar.
2. Oibriú an Chrannchuir Náisiúnta a mhaoirsiú agus monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta agus an Cheadúnais ag an Oibreoir.
3. Breithniú a dhéanamh ar roinnt ceisteanna a fhaomhadh a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta (scéimeanna san áireamh do chluichí an Chrannchuir Náisiúnta).
4. Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú.
5. Cearta forfheidhmithe aon trádmhairc de chuid an Chrannchuir Náisiúnta a fhorfheidhmiú.

Ní mór don Rialálaí na feidhmeanna seo a chomhlíonadh ar an modh sin is dóchúla a chinnteoidh an méid seo a leanas –

a) go reáchtáiltear an Crannchur Náisiúnta de réir an ghnáis chirt,
b) go dtugtar cosaint do leasa rannpháirtithe an Chrannchuir Náisiúnta,
c) go dtugtar cosaint d'inbhuanaitheacht an Chrannchuir Náisiúnta go fadtéarmach,

agus, faoi réir na bpointí thuas ó a) go c), a chinntiú go mbíonn ioncaim a leithdháiltear ar an Lár-Chiste le híoc amach ar mhaithe leis na cuspóirí a cheadaítear faoin Acht ("Cúiseanna Maithe") chomh mór agus is féidir, faoi réir théarmaí an cheadúnais.

Níl aon ról ag an Rialálaí maidir le hiarratais ar nó leithdháileadh cistí do Chúiseanna Maithe. Ba cheart iarratais ar chistiú a chur faoi bhráid na Roinne Rialtais ábhartha.

# 1.5 Maoirseacht ar an Rialálaí

**Déanann an ORNL monatóireacht agus forfheidhmiú maidir le comhlíonadh an Achta um Chrannchur Náisiúnta 2013 ag Premier Lotteries Ireland DAC, an tOibreoir, agus maidir le téarmaí agus coinníollacha an Cheadúnais arna dheonú dó chun an Crannchur Náisiúnta a fheidhmiú.**

**Comhlíonann an ORNL an fheidhm sin trí mhaoirseacht rialta agus réamhghníomhach ar an Oibreoir. Áirítear leis sin:**

- athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Oibreora i gcomparáid le caighdeáin feidhmíochta shainithe.
- maoirseacht a dhéanamh ar phróisis agus ar rialuithe a chuireann an tOibreoir i bhfeidhm.
- monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí fógraíochta agus cur chun cinn an Oibreora.
- gníomhú ar ghearáin a fuarthas ón bpobal.
- athbhreithnithe téamúla réamhghníomhacha.
- imscrúduithe.

Fuarthas tríocha a haon cineál éagsúil tuarascála ar bhonn rialta ón Oibreoir in 2021 (féach Aguisín B). Clúdaítear iontu sin gnéithe éagsúla den ghnó, lena n-áirítear airgeadas, rialachas, teicneolaíocht, seirbhís do chustaiméirí agus feidhmíocht cluichí.

## 1.5.1 Feidhmíocht an Oibreora

Déantar monatóireacht agus measúnú ar fheidhmíocht an Oibreora trí threoir na gcaighdeán réamh-mheasta atá le baint amach gach bliain. Féach Aguisín A le haghaidh sleachta as tuarascáil bhliantúil 2021 maidir le caighdeáin feidhmíochta ón Oibreoir.

In 2021, thug an tOibreoir faoi athbhreithniú ar thomhas feidhmíochta agus aicmiú láimhseála gearán - chun amanna freagartha seirbhíse do chustaiméirí atá éifeachtach agus éifeachtúil a chinntiú agus chun réiteach a fháil ar fhadhbanna agus ag an am céanna réiteach iomlán fadhbanna a éascú a bhféadfadh níos mó ama nó géaraithe a bheith de dhíth ina leith laistigh d'fhoireann na seirbhísí do chustaiméirí. Mar thoradh an athbhreithnithe rinneadh moladh don Rialálaí an tomhas ar réiteach gearán agus amanna freagartha a athrú agus d'aontaigh an Rialálaí leis na hathruithe i mí Dheireadh Fómhair 2021.

**Suas go dtí 2021, tomhaiseadh feidhmíocht maidir le réiteach gearán mar a leanas:**

- Freagraí ar ghearáin laistigh de 10 lá oibre.
- Réiteach ar ghearáin agus ar fhiosruithe leis an gcéad iarracht.

**Le héifeacht ó Ráithe 4, déantar feidhmíocht réitigh gearán a thomhas mar:**

- Freagraí ar ghearáin laistigh de 2 lá oibre.
- Freagraí ar ghearáin laistigh de 5 lá oibre.
- Freagraí ar ghearáin laistigh de 10 lá oibre.

Soláthraítear leis na méadrachtaí nua spriocanna níos oiriúnaí lena chinntiú go bhfaighidh na rannpháirtithe freagra pras agus réiteach iomlán agus tomhaiste ar a ngearán. Tá an dá shraith méadrachta cuimsithe in Aguisín A i mbliana chun an t-athrú ar an tomhas i Ráithe 4 a léiriú agus chun feidhmíocht a léiriú go cuí.

## 1.5.2 Díolacháin, Cainéil, agus Cistí i leith Cúiseanna Maithe

Mar a thuairiscigh an tOibreoir, b'ionann díolacháin ticéad an Chrannchuir Náisiúnta do 2021 agus €1,053.7 milliún (2020: €918.9 milliún). B'ionann na díolacháin do chluichí bunaithe ar tharraingt agus €708.4 milliún (2020: €592.0 milliún), agus b'ionann díolacháin do chluichí 'buaigh ar an toirt (cluichí scríobchártaí agus cluichí buachana idirghníomhacha ar an toirt) agus €345.3 milliún (2020: €326.9 milliún)

Tháinig laghdú beag ar mhéid an líonra cainéal miondíola in 2021. Thuairiscigh an tOibreoir go raibh 5,326 gníomhairí miondíola gníomhach amhail an 31 Nollaig 2021, laghdú 1.6% ó 2020 (5,415). Tháinig méadú go dtí €175.1 milliún ar dhíolacháin ar líne agus b'ionann iad agus 16.6% den díolachán iomlán (2020: 14.8%).

Lean na fáltais a **gineadh** i leith Cúiseanna Maithe ag fás. Léirítear i gcuntais an Oibreora gur tháinig méadú 19.9% go €304.0 milliún (2020: €253.6 milliún) ar na fáltais a gineadh i leith Cúiseanna Maithe. (Athraíonn an céatadán bliantúil d'eisíocaíochtaí duaise ó bhliain go bliain mar gheall ar athruithe ar an meascán táirgí a dhíoltar in aon bhliain ar leith, agus dá réir sin cinntear na méideanna a ghintear i leith Cúiseanna Maithe ó na díolacháin iomlána.)

Seo a leanas achoimre don bhliain 2015 (an chéad bhliain iomlán oibriúcháin faoin gCeadúnas) go dtí 2021, ó chuntais an Oibreora:


| Bliain | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Díolacháin** | €670.4m | €750.2m | €800.2m | €805.0m | €884.5m | €918.9m | €1,053.7m |
| **% duaiseanna a íocadh amach** | 56.85% | 56.25% | 56.49% | 56.35% | 56.25% | 57.56% | 55.61% |
| **Ginte do Chúiseanna Maithe** | €188.0m | €213.3m | €226.3m | €228.5m | €251.6m | €253.6m | €304.0m |

B'ionann an méid iomlán a **d'aistrigh** an ORNL ón gCrannchur Náisiúnta chuig an Státchiste lena dháileadh ar Chúiseanna Maithe in 2021 agus €289.7 milliún (2020: €270.3 milliún), méadú 7.2% i gcomparáid le 2020. Ar bhonn 'macasamhail le macasamhail', bhí méadú 14.0% ar na méideanna a aistríodh lena ndáileadh ar Chúiseanna Maithe ó 2020 go 2021 (toisc go raibh €16.1 milliún i gceist leis na méideanna a aistríodh in 2020 maidir le duaiseanna stairiúla neamhélithe a bhí imithe in éag).

Baineann na fáltais le Cúiseanna Maithe a ghin an tOibreoir in 2021 le díolacháin ticéad a taifeadadh an bhliain féilire sin, i.e., 1 Eanáir go 31 Nollaig 2021. Baineann Cistí i leith Cúiseanna Maithe a aistríodh chuig an Státchiste le linn 2021 (ar bhonn fáltais airgid thirim), seachas maidir le duaiseanna stairiúla neamhéilithe a bhí imithe in éag, le hairgead a saothraíodh as díolachán ticéad sa tréimhse 52 seachtain ón 13 Nollaig 2020 go dtí an 11 Nollaig 2021.

Bhí na méideanna a aistríodh ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an Státchiste lena ndáileadh ar Chúiseanna Maithe (de bhun alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013, chun na gcríoch atá leagtha amach in Alt 41) sna blianta ó 2014, an bhliain a thosaigh Premier Lotteries Ireland ag feidhmiú an Chrannchuir Náisiúnta, go dtí 2021 mar atá leagtha amach san fhigiúr thíos.

### Méideanna a Aistríodh ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an Státchiste ar mhaithe le Cúiseanna Maithe in €'milliún




* Cuimsítear sa mhéid a aistríodh i leith Cúiseanna Maithe in 2016 dar luach €219m €7m maidir le suimeanna stairiúla a tugadh ar aghaidh sa Chrannchur Náisiúnta.

† Cuimsítear sna méideanna a aistríodh in 2020 suim de €16.1 milliún i leith duaiseanna stairiúla neamhéilithe a bhí imithe in éag.

## 1.5.3 Cosaint Imreoirí

Cuspóir reachtúil de chuid an Rialtóra is ea leasanna na rannpháirtithe sa Chrannchur Náisiúnta a chosaint. Áirítear leis an gcuspóir sin monatóireacht ar conas atá an tOibreoir ag cosaint na ndaoine seo a leanas:

- Daoine atá faoi aois (a shainítear mar a bheith faoi bhun 18 mbliana d'aois).
- Rannpháirtithe i mbaol imirt iomarcach nó imirt fhadhbach.

Cé go mbaineann go leor daoine taitneamh go sábháilte as gníomhaíocht an Chrannchuir Náisiúnta agus go nglacann siad páirt go sábháilte ann, is féidir le grúpaí nó daoine aonair áirithe bheith leochaileach nó i mbaol imirt fhadhbach. Is mó an seans go bhforbróidh mionaoisigh a bhíonn ag cearrbhachas fadhbanna le cearrbhachas ná daoine fásta. Is féidir le gnéithe áirithe de chluichí agus de thimpeallachtaí cearrbhachais pátrúin atriallacha imeartha a spreagadh, rud a mhéadaíonn riosca na n-imreoirí, go háirithe do ghrúpaí áirithe imreoirí. Tá tosca iomadúla i gceist le fadhbanna cearrbhachais a chruthú agus a chosc, a bhaineann le hidirghníomhú idir an duine, an táirge (cluiche), agus an timpeallacht chearrbhachais.

Is é príomhsprioc de chuid an Rialála go mbeidh caidreamh eolasach tomhaltóirí ag imreoirí cluichí an Chrannchuir Náisiúnta leis an gCrannchur Náisiúnta lena n-íoslaghdaítear an riosca do rannpháirtithe. Áirítear leis na bearta atá i bhfeidhm chun an sprioc sin a bhaint amach rialuithe ar ábhar cumarsáide mhargaíochta an Chrannchuir Náisiúnta, rialuithe ar cheannach ticéad cluiche, agus measúnú cuimsitheach ar an leibhéal riosca a bhaineann le gach cluiche nua a mholtar. Déanann an Rialálaí taighde ar bhonn leanúnach ar próisis agus ar chleachtais lenar léiríodh éifeachtacht maidir le riosca dochair a chosc nó a íoslaghdú agus iad a shainaithint.

### Éifeachtúlacht na Rialuithe maidir le hImirt ar Líne

Leagtar amach i Sceideal 9 den Cheadúnas coinníollacha áirithe atá le cur i bhfeidhm chun imirt ar líne, lena n-áirítear:

- Cuntas a chlárú.
- Teorainneacha caithimh laethúla, seachtainiúla agus míosúla.
- Saoráid chun teorainneacha caithimh phearsanta níos ísle a shocrú.
- Socruithe féin-eisiaimh.
- Teorainn ar iarmhéid an chuntais.
- Braithfidh íocaíocht duaiseanna móra ar chruthúnas aoise agus aitheantais.
- Duaiseanna móra a íoc le seic.

Tá rialuithe Sceideal 9 (mar aon le ceanglais eile faoin gCeadúnas – go háirithe an ceanglas ar an Oibreoir cleachtais chearrbhachais fhreagracha a úsáid), nuair a chuirtear i bhfeidhm i gceart iad, ina chuidiú maidir le cearrbhachas fadhbach a chosc.

Cé nach bhfuil ach fíorbheagán fianaise ann go bhfuil mionaoisigh ag imirt cluichí an Chrannchuir Náisiúnta ar líne, tá a fhios ag an Rialálaí i gcónaí go bhféadfadh mionaoisigh iarracht a dhéanamh teacht ar tháirgí an Chrannchuir Náisiúnta ar líne. Le blianta beaga anuas, tháinig teicneolaíochtaí nua 'fíor-ama' níos saoráidí chun cinn chun doiciméid aitheantais agus faisnéis um dheimhniú aoise agus aitheantais ar líne a fháil agus ionchorpraíodh iad i gcainéal ar líne an Chrannchuir Náisiúnta, mar aon le feachta chun deimhniú aoise agus aitheantais chun ticéid an Chrannchuir Náisiúnta a cheannach ar líne a spreagadh agus gnáthrud a dhéanamh de.

In athbhreithniú a rinne ORNL in 2021 ar an dóigh a ndeimhnítear aois agus aitheantas custaiméirí cearrbhachais ar líne go hidirnáisiúnta fuarthas gurb é an gnáthrud anois é ar fud an Aontais Eorpaigh é sin a iarraidh nuair a osclaítear cuntas.



Cé go bhfuil próisis agus rialuithe éagsúla i bhfeidhm i ndlínsí éagsúla, go ginearálta, táthar ag baint leas as forbairtí teicneolaíochta chun deimhniú aoise agus aitheantais ar líne a fheabhsú.

I mí Iúil 2021, scríobh an Rialálaí chuig an Oibreoir maidir le teorainneacha na rialuithe i Sceideal 9 agus maidir leis an deis feabhas a chur ar na rialuithe reatha ar líne chun dochar ó chearrbhachas fadhbach agus ó chearrbhachas faoi aois a chosc. Ciallaíonn na rialuithe i Sceideal 9 nach féidir le mionaoisigh clárú chun imirt ar líne lena bhfíor-aois ach ní chuireann siad cosc ar mhionaoisigh clárú agus imirt ar líne le haois bhréagach. Chomh maith leis sin, cé go bhfuil algartaim i bhfeidhm chun imreoirí atá ann cheana a dhéanann iarracht an dara cuntas a oscailt chun dul timpeall ar na teorainneacha caiteachais nó ar fhéin-eisiamh a bhraith agus a chosc, d'fheabhsófaí a n-éifeachtacht trí chruthúnas aitheantais a éileamh do gach cuntas.

Dheimhnigh an tOibreoir go raibh sé tiomanta do dheimhniú éigeantach aitheantais a thabhairt isteach do gach cuntas agus go raibh sé ag tástáil roghanna próisis agus teicneolaíochta éagsúla ar fhoghrúpaí imreoirí. Ón 6 Nollaig 2021, rinneadh ina chéim éigeantach é grianghraf de dhoiciméid aitheantais (pas nó ceadúnas tiománaí de ghnáth) a sholáthar chun táirge an Chrannchuir Náisiúnta a cheannach ar líne trí chuntas nua-chláraithe an Chrannchuir Náisiúnta. Measann an tOibreoir an bhfuil an doiciméad dlisteanach agus an bhfuil an fhaisnéis atá sa doiciméad ag teacht leis an bhfaisnéis aitheantais a sholáthair an t-imreoir sa chuntas. Tá an deimhniú éigeantacha aitheantais sin á chur i bhfeidhm ar gach cuntas a cláraíodh roimhe seo ar bhonn céimnithe.

Le deimhniú éigeantach aitheantais cuirtear feabhas ar éifeachtúlacht na rialuithe maidir le cosc a chur ar mhionaoisigh ticéid an Chrannchuir Náisiúnta a cheannach ar líne. Tacaítear freisin leis na teorainneacha caiteachais agus rialuithe féin-eisiaimh trí chosc a chur ar imreoirí ar bhealach níos fearr dul timpeall orthu tríd an dara cuntas.

Tá teicneolaíocht agus próisis ag forbairt i gcónaí agus cuirtear deiseanna ar fáil leo do chleachtais chearrbhachais fhreagracha bhreise agus fheabhsaithe. Leanfaidh an Rialálaí le taighde a dhéanamh, idirchaidreamh a dhéanamh le rialálaithe eile faoin dea-chleachtas, agus coinneáil suas chun dáta le forbairtí maidir leis sin.

## Monatóireacht a Dhéanamh ar Imirt ar Líne

Chomh maith lena chinntiú go bhfuil na rialuithe faoi Sceideal 9 éifeachtach, sainaithníonn an tOibreoir patrúin de ghníomhaíocht imreora a d'fhéadfadh a bheith ina chomhartha go bhfuil imirt fhadhbach ann. Beidh an tOibreoir ag caidreamh leis an imreoir chun a fheasacht nó a feasacht a ardú faoin dóigh a bhfuil a n-imirt éagsúil ó imreoirí eile agus faoi na tacaíochtaí atá ar fáil, lena n-áirítear saoráidí chun teorainneacha caithim a shocrú, féin-eisiamh, agus seirbhísí tacaíochta tríú páirtí. Tosaíonn an caidreamh sin le ríomhphost agus is féidir é a ghéarú go glao gutháin agus, ar deireadh, eisiamh imreora ón gcainéal ar líne ag an Oibreoir.

Cuirtear sonraí ráithiúla gan ainm ar fáil don ORNL ar cheannacháin cluichí ar líne. Leis na sonraí sin is féidir leis an ORNL, ar bhonn anaithnid, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Monatóireacht a dhéanamh ar chaitheamh imreoirí agus minicíocht na cluichíochta ar chineálacha cluiche.
- Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid na saoráide féin-eisiaimh.
- Monatóireacht a dhéanamh ar iompar caithimh imreora le himeacht ama.

Soláthraíonn an tOibreoir tuarascálacha ráithiúla cosanta imreoirí don Rialálaí chomh maith. Soláthraítear sna tuarascálacha sin sonraí agus anailís an Oibreora maidir le caitheamh imreoirí, lena n-áirítear, mar shampla, i gcás gur shroich imreoirí na teorainneacha caithimh ar líne a fhorchuirtear leis an gCeadúnas arís agus arís eile, is é sin €75 in aghaidh an lae, €300 in aghaidh na seachtaine agus €900 in aghaidh na míosa.

Tá feidhmiú na rialuithe maidir le himirt ar líne faoi réir athbhreithniú leanúnach ag an Rialálaí maidir le comhlíonadh an Cheadúnais agus an Achta agus maidir le héifeachtacht. Tugann an Rialálaí aird ar na rialuithe maidir le himirt ar líne agus iarratais ar cheadú do scéimeanna le haghaidh cluichí crannchuir a imrítear ar líne á mbreithniú aige.

## 1.5.4 Fógraíocht agus Cur Chun Cinn Freagrach

Foráiltear le Clásal 9 den Cheadúnas i leith Cód Cleachtais Fógraíochta agus Cur Chun Cinn ("an Cód") lena dtugtar treoirlínte soiléire don Oibreoir chun cumarsáid mhargaíochta agus cleachtais fógraíochta fhreagracha atá comhsheasmhach leis na dlíthe maidir le fógraíocht sa Stát a chinntiú. Ní mór don Oibreoir an Cód a athbhreithniú go bliantúil agus ní mór aon athruithe a fhaomhadh lena n-úsáid ag an Rialálaí, agus cuireadh é sin i gcrích in 2021.

Déanann an ORNL monatóireacht rialta ar chainéil cumarsáide margaíochta an Oibreora lena chinntiú go gcloíonn sé le cleachtais fhreagracha fógraíochta agus chearrbhachais de réir an Chóid agus chlásail eile an Cheadúnais. Caithfidh an fhaisnéis a sholáthrófar a bheith trédhearcach, inrochtana agus gan bheith míthreorach. Níor cheart go ndéanfaí imreoirí a nochtadh d'aon ghnó nó de thaisme do chumarsáid ar dóigh go n-mbeadh imirt faoi aois nó go imirt mhífhreagrach mar thoradh uirthi.

Chinn an Rialálaí nach ndearna an tOibreoir aon sárú i gcur i gcrích a fheachtais fógraíochta agus chur chun cinn in 2021.

## 1.5.5 Gearáin a Fuarthas

Is féidir le baill den phobal, cé acu mar rannpháirtithe in aon chluiche den Chrannchur Náisiúnta nó eile, gearáin maidir leis an gCrannchur Náisiúnta a chur faoi bhráid an Oibreora nó an Rialálaí.

Tá sonraí maidir le próiseas gearán an Oibreora ar fáil i gCód Cleachtais na Rannpháirtithe atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Rialálaí agus ón Oibreoir. Tá sonraí maidir le conas gearán a dhéanamh leis an ORNL agus an próiseas gearán leagtha amach ar shuíomh gréasáin an Rialálaí.

Nuair a fhaigheann an ORNL gearán ó bhall den phobal, ní mór é a bhreithniú ó dhearcadh rialála lena fháil amach an ndearna an tOibreoir sárú ar bith ar an Acht nó ar an gCeadúnas. Ní féidir leis an Rialálaí tionchar a imirt ar chinneadh a thagann faoi shainchúram an Oibreora nó é a athrú ach amháin lena chinntiú go gcomhlíonann sé an tAcht agus an Ceadúnas. Fuair an Rialálaí 75 gearán in 2021.

## Achoimre ar na gearáin a fuair an Rialálaí in 2021 agus an Beart a Rinneadh

| Ábhar na nGearán | Figiúirí |
|---|---|
| Eispéireas ar Líne | 25 |
| Faisnéis a Soláthraíodh | 15 |
| Dearadh/Eispéireas Cluiche | 6 |
| Scríobchártaí Imithe in Éag | 1 |
| Cáilíocht na nÁbhar | 1 |
| Gearán faoi Mhiondíoltóir | 5 |
| Trealamh nach Raibh ag Oibriú sa Mhiondíoltóir | 2 |
| Tar-rolladh gan fasach phota óir an Chrannchuir | 20 |
| **Iomlán** | **75** |
| **Beart a Rinne an Rialálaí** | **Figiúirí** |
| D'fhreagair an ORNL go díreach | 39 |
| D'fhreagair an tOibreoir i ndiaidh teagmháil ón ORNL | 33 |
| Gearáin leanúnacha amhail an 31 Nollaig 2021 | 3 |

## Cur i láthair an Chorrlaigh go mBuafaí Duais

De thoradh ar ghearáin ó imreoirí a fuair ORNL agus an tOibreoir araon, rinne an Rialálaí athbhreithniú in 2021 ar conas a chuirtear an corrlach go mbuafaí duais in iúl ar na scríobchártaí. Baineann roinnt imreoirí míbhrí as cur i láthair caighdeánach an mheánchorraigh ar chúl na dticéad (mar shampla,"AVERAGE 1 IN 4 WINS CASH"). I gcluiche scríobchártaí lena bhfuil an meánchorrlach 1 in aghaidh 4 maidir le duais a bhuachan, baineann an meán sin leis na céadta mílte ticéad.

Chun comhthéacs a sholáthar don mheánchorrlach, mhol an Rialálaí don Oibreoir go gcuirfí an seans go mbuafaí an bpríomhdhuais ar chúl na scríobchártaí. Is coincheapa deacra iad dóchúlacht agus randamacht agus an dóigh a bhfeidhmíonn siad i dtacair uimhreacha an-mhór a thuiscint. Tríd an gcorrlach go mbuafaí an phríomhdhuais a sholáthar, d'fhéadfadh sé go mbeadh tuiscint níos fearr ag an imreoir ar an bhfíorsheans go mbuafadh sé nó sí an phríomhdhuais. Tá sé sin ar mhaithe leis na himreoirí; cuireann sé faisnéis ar fáil faoi phríomhghné den táirge agus cuidíonn sé le cearrbhachas fadhbach a chosc. D'iarr an Rialálaí ar an Oibreoir freisin an seans go mbuafaí an phríomhdhuais a chur ar leathanach tuirlingthe gach cluiche de chuid an Chrannchuir Náisiúnta ar lottery.ie – cibé acu cluiche 'buaigh ar an toirt' nó cluiche bunaithe ar tharraingt – ionas go mbeadh an t-eolas tábhachtach sin le feiceáil láithreach ag imreoirí. D'aontaigh an tOibreoir leis sin.

Nuashonraíodh suíomh gréasáin an Chrannchuir Náisiúnta chun an seans go mbuafaidh an phríomhdhuais a chur ar leathanach tuirlingthe gach cluiche de chuid an Chrannchuir Náisiúnta agus de réir mar a phriontáiltear cluichí scríobchártaí nua beidh an corrlach maidir leis an phríomhdhuais a bhuachan ar a gcúl.

## 1.5.6 Athbhreithnithe Téamúla

Le linn 2021 rinne an ORNL na hathbhreithnithe téamúla seo a leanas.

### Athbhreithniú ar na Rialacha maidir le Cluichí 'Buaigh ar na Toirt' ar Líne

Rinneadh athbhreithniú ar na rialacha cluiche a foilsíodh le haghaidh Cluichí 'Buaigh ar an Toirt' (IWG) ar líne a bhí ar díol i mí Dheireadh Fómhair 2021. Ar an 26 Deireadh Fómhair 2021, bhí 15 IWG ar díol ar shuíomh gréasáin an Oibreora. Cuireadh na 15 shraith rialacha cluiche a d'fhoilsigh an tOibreoir ar an suíomh gréasáin i gcomparáid leis na rialacha arna bhfaomhadh ag an Rialálaí do na cluichí sin agus fuarthas go raibh siad comhsheasmhach go hiomlán ó thaobh na ngnéithe ábhartha de.

### Trádmharcanna

Tá roinnt forálacha i gClásal 7 den Cheadúnas a bhaineann le trádmharcanna agus cóipcheart agus róil an Rialálaí agus an Oibreora. De réir chlásal 7.3.3 ceanglaítear ar an Oibreoir lógó an Chrannchuir Náisiúnta a thaispeáint ar thicéid, ar dhoiciméid agus ar threalamh a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta.

Déanann an Rialálaí monatóireacht ar úsáid trádmharcanna ar bhonn leanúnach agus déanann sé athbhreithniú struchtúrtha ar chomhlíonadh an Oibreora gach bliain. Ní raibh gá le gníomh forfheidhmiúcháin in 2021.

### Cumas agus Cibearshlándáil Chórais TF agus Chumarsáide an Oibreora

In 2020, choimisiúnaigh an Rialálaí sainchomhairleoirí TF neamhspleácha ó Grant Thornton chun athbhreithniú a dhéanamh ar chórais TF agus chumarsáide an Oibreora agus chun tuairisc a thabhairt ar a gcáilíocht agus ar a n-acmhainn - lena n-áirítear a n-ullmhacht cibearshlándála. Is uirlis úsáideach iad athbhreithnithe saineolaithe seachtracha ar ghnéithe d'oibriú an Chrannchuir Náisiúnta thar ceann an Rialálaí chun cur leis an saineolas laistigh den ORCN agus chun dearbhú neamhspleách a fháil go bhfuil córais an Oibreora oiriúnach don fheidhm. Teastaíonn infheistíocht leanúnach i leith bhonneagar an Chrannchuir Náisiúnta - chun crua-earraí agus bogearraí a athsholáthar de réir mar a théann siad in éag, chun acmhainn a choinneáil de réir mar a fhásann sé, agus chun slándáil chuí a bheith ann de réir mar a thagann cibearbhagairtí chun cinn - chomh maith le monatóireacht agus tástáil rialta (amhail tástáil teipaistrithe).

Cuireadh críoch leis an athbhreithniú in 2021. Bunaithe ar na torthaí i dtuarascáil Grant Thornton agus ar fhianaise agus ar fhaisnéis ghaolmhar eile a bhí ar fáil don Rialálaí, bhí an Rialálaí sásta go raibh na bearta cuí á ndéanamh ag an Oibreoir lena chinntiú go raibh an cumas agus an acmhainn riachtanach ag a gcórais chun an Crannchur Náisiúnta a fheidhmiú le gach cuibheas cuí agus an Crannchur Náisiúnta a chosaint ar chibirionsaithe. Ceangail an Rialálaí ar an Oibreoir nuashonruithe ráithiúla a sholáthar maidir lena ghníomhaíochtaí sa réimse sin chun a chinntiú go leanann sé sin de bheith amhlaidh.

## 1.5.7 Forfheidhmiú

### Féin-eisiamh

Baineann Sceideal 9 den Cheadúnas le himirt ar líne agus foráiltear i míreanna 6(b) agus 6(c) gur féidir le himreoirí iad féin a eisiamh ó chluichí uile an Chrannchuir Náisiúnta a imirt ar feadh tréimhsí éagsúla sé mhí agus mí amháin faoi seach. Le linn na tréimhse féin-eisiaimh, dúnfar cuntas imreora agus ní bhfaighidh sé nó sí aon teachtaireachtaí margaíochta.

I mí Iúil 2021, thuairiscigh an tOibreoir don Rialálaí gur seoladh cumarsáid mhargaíochta trí dhearmad chuig ocht n-imreoir is daichead a bhí féin-eisiata. Rinne na himreoirí sin iad féin a fhéin-eisiamh, tríd an gcóras uathoibrithe ar shuíomh gréasáin an Chrannchuir Náisiúnta nó trí ionad seirbhíse custaiméara an Oibreora, ach, ina dhiaidh sin fuair siad cumarsáid mhargaíochta trí dhearmad mar gheall ar aga moille i gcóras an Oibreora. Bhí moill suas le 36 uair an chloig ón bpointe ar roghnaigh an t-imreoir é nó í féin a fhéin-eisiamh go dtí an pointe gur eisiaigh an córas an t-imreoir as ríomhphoist mhargaíochta. I mí Lúnasa 2021, chuir an Rialálaí tús le hidirghabháil um chomhlíonadh chun comhlíonadh Sceideal 9 den Cheadúnas ag an Oibreoir a mheas.

Bunaithe ar fhoclaíocht shoiléir Sceideal 9(6)(b) agus (c), bhí an Rialálaí den tuairim go dtosaíonn an tréimhse féin-eisiaimh nuair a roghnaíonn imreoir féin-eisiamh agus nach bhfaighfear aon teachtaireachtaí margaíochta le linn na tréimhse féin-eisiaimh sin.

I ndiaidh athbhreithniú iomlán a dhéanamh, ghlac an tOibreoir leis gur sháraigh sé Sceideal 9 den cheadúnas. Fuarthas amach, cé go bhfuair siad cumarsáid mhargaíochta, ní raibh aon duine den daichead a hocht imreoir ábalta cluichí an Chrannchuir Náisiúnta a imirt le linn na tréimhse féin-eisiaimh – gur tháinig fionraí na gcuntas i bhfeidhm láithreach. Níor bhain an tOibreoir aon tairbhe airgeadais as an sárú agus thug sé isteach bearta i leith an dá mhodh féin-eisiaimh (suíomh gréasáin agus ionad seirbhíse do chustaiméirí) lena gcinnteofaí go gcuirfí deireadh le teachtaireachtaí margaíochta mar gheall ar fhéin-eisiamh i bhfíor-am.

I ndiaidh an t-ábhar a bhreithniú go cúramach, chinn an Rialálaí gur theip ar an Oibreoir Sceideal 9, ailt 6(b) agus (c) den Cheadúnas a chomhlíonadh. Toisc nach bhfuair an tOibreoir aon tairbhe as an neamhchomhlíonadh agus gur ghlac sé bearta ceartaitheacha chun deireadh a chur leis an earráid sin amach anseo, agus nach ndearnadh aon dochar inaitheanta do na himreoirí nó do cháil an Chrannchuir Náisiúnta, ní raibh aon ghá le gníomh breise. Leanfaidh an Rialálaí le dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Oibreora lena oibleagáidí faoi Sceideal 9 den Cheadúnas.

# 1.6 Iarratais Rialála faoin Acht agus faoin gCeadúnas

**Le gnéithe áirithe de ghníomhaíochtaí an Oibreora teastaíonn cead i scríbhinn ón Rialálaí roimh ré maidir le comhlíonadh an Achta agus an Cheadúnais, lena n-áirítear:**

- Scéimeanna nua nó leasaithe do chluichí an Chrannchuir Náisiúnta.
- Soláthraithe seirbhíse nua a cheapadh.
- Scéimeanna chun trealamh a úsáidtear sa Chrannchur Náisiúnta a thástáil, chomh maith le faomhadh daoine cáilithe, neamhspleácha chun na tástálacha a dhéanamh.
- Tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí ar líne.
- Cur síos incheadaithe ar phróisis agus ar chórais.
- Athruithe ar chóid chleachtais, lena n-áirítear:
  - Cód Cleachtais na Rannpháirtithe.
  - Cód Cleachtais Díolacháin.
  - Cód Cleachtais Fógraíochta agus Cur Chun Cinn.
  - Cód Cleachtais maidir le Nósanna Imeachta Grinnfhiosrúcháin.

## Próiseas Measúnaithe

Déantar foráil i gClásal 23 den Cheadúnas agus leagtar amach ann an nós imeachta d'aon iarratais a dhéanann an tOibreoir a dteastaíonn athbhreithniú agus ceadú an Rialálaí ina leith. Déantar mionscrúdú ar gach iarratas ar cheadú chun a mheas an gcomhlíonann sé raon forálacha san Acht agus sa Cheadúnas.

I gcás nach bhfuil an Rialálaí sásta go bhfuil iarratas comhlíontach, is féidir a iarraidh ar an Oibreoir faisnéis bhreise a sholáthar. Má chuirtear faisnéis bhreise isteach lena dtugtar aghaidh ar ábhair imní an Rialálaí, dhéanfaí iarratas a cheadú ar deireadh. I gcás nach bhfuil an tOibreoir ábalta aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní, laistigh den achar ama riachtanach, dhiúltódh an Rialálaí iarratas nó dtarraingeodh an tOibreoir iarratas siar.

## Iarratais 2021

Chonacthas méadú in 2021 ar líon agus ar chastacht na n-iarratas a fuarthas in 2020. In 2021, fuarthas 52 iarratas ón Oibreoir. (Mar chomhthéacs, fuarthas 59 iarratas in 2020, an líon ab airde riamh faoin gCeadúnas agus mar gheall go páirteach ar an bpaindéim, agus 37 in 2019, arbh ionann é agus gnáthlíon na n-iarratas a fuarthas i mbliain amháin.)

| Stádas | Gach Iarratas | Bainteach le Cluiche |
|---|---|---|
| Faighte | 52 | 34 |
| Faofa | 38 | 25 |
| Diúltaithe | 0 | 0 |
| Aistarraingthe ag an Oibreoir | 4 | 1 |
| Á n-athbhreithniú ar an 31 Nollaig 2021 | 10 | 8 |

Féach Aguisín C le haghaidh sonraí.

Tá sonraí na n-iarratas a fuarthas sna blianta roimhe seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Rialálaí.

## Tarraingt "Lotto Will be Won"

Bhain tar-rolladh gan fasach le pota óir an Chrannchuir in 2021. Le haghaidh 63 tarraingt Crannchuir as a chéile ón 9 Meitheamh 2021 go dtí an 12 Eanáir 2022 ní raibh aon ticéad a mheaitseáil na sé uimhir liathróide Crannchuir a tarraingíodh. Shroich Pota Óir an Chrannchuir €19,060,800 ar an 29 Meán Fómhair 2021, an bua b'airde riamh, agus ag an bpointe sin cuireadh teorainn leis de réir rialacha an chluiche agus coinníodh ag an méid sin é. Tugadh isteach an teorainn ar phota óir an Chrannchuir in 2015. Nuair a shroichtear an teorainn, cuirtear an céatadán den ioncam ó dhíolachán ticéad a chuirfí isteach sa phota óir chun é a fhás de gnáth le méadú a dhéanamh ar an gcéad leibhéal eile duaiseanna ina mbíonn buaiteoir amháin ar a laghad ina ionad sin (go hiondúil an leibhéal 'Mheaitseáil 5' móide an Bónas ach uaireanta an leibhéal 'Mheaitseáil 5').

Le linn thar-rolladh an phota óir, bhí gnáthsheiceálacha á ndéanamh i gcónaí lena chinntiú go raibh gach tarraingt Crannchuir ag feidhmiú de réir rialacha an chluiche - lena n-áirítear seiceálacha i ndiaidh an teorainn a bhaint amach go raibh an t-airgead ag dul isteach i gceart sa leibhéal duaiseanna cuí faoi. Ba é sin an chéad uair a cuireadh an teorainn i bhfeidhm agus chothaigh sé sin, mar aon le tar-rolladh leanúnach an bpota óir, suim shuntasach ón bpobal. Tugadh cuireadh don Rialálaí teacht os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus os comhair an Taoisigh, chun conas a fheidhmíonn cluiche an Chrannchuir a mhíniú. Dhearbhaigh an Rialálaí don Choiste agus don phobal go raibh an cluiche ag feidhmiú de réir rialacha an chluiche agus nach raibh aon fhadhbanna rialála ann. Is cluiche a bhaineann le seans é an Crannchur agus, cé go gur annamh a tharlaíonn sé, is féidir le tar-rolladh fada tarlú agus buaitear an pota óir go minic freisin. Tá an Crannchur deartha sa dóigh is go mbeidh, beag beann ar mhéid (nó teorainn) an phota óir, in aghaidh gach euro a chaitear ar thicéid Crannchuir:

- cuirtear 52c isteach i nduaiseanna.
- tugtar 31.2c do chúiseanna maithe.
- tugtar 6c don mhiondíoltóir mar choimisiún.
- faigheann an tOibreoir an 10.8c eile as a n-íocann siad na costais a bhaineann le feidhmiú an chluiche.

Chuir an tOibreoir iarratas foirmiúil faoi bhráid an Rialálaí ar an 7 Nollaig 2021 le haghaidh gné nua "Will be Won" i rialacha Chluiche an Chrannchuir, chun tar-rolladh fada an phota óir a thabhairt chun críche. Moladh leis an athrú go ndéanfaí airgead iomlán an phota óir don Chrannchuir a thar-rolladh síos go dtí buaiteoir nó buaiteoirí sa chéad leibhéal eile de dhuaiseanna buaiteacha mura mbuafaí le ticéad 'Mheaitseáil 6' é ar dháta arna chinneadh ag an Oibreoir laistigh de theorainneacha na rialacha. Thabharfadh an ghné cluiche nua ráthaíocht freisin d'achar ama faoina dtiocfaidh deireadh le tar-rolladh an-fhada amach anseo, arbh é sin laistigh de chúig tharraingt i ndiaidh don phota óir a theorainn a bhaint amach.



Thug an Rialálaí tús áite do na seiceálacha rialála lena chinntiú go raibh aon athruithe ar rialacha chluiche an Chrannchuir chun leasa na n-imreoirí, go ndéantar an Crannchur Náisiúnta á fheidhmiú le gach cuibheas cuí agus faoi réir iad sin, go ndéantar fáltais i leith Cúiseanna Maithe a uasmhéadú. D'iarr an Rialálaí faisnéis riachtanacha, tástálacha agus dearbhuithe breise ón Oibreoir maidir lena thogra agus soláthraíodh iad sin sna seachtainí deiridh de 2021 agus sa chéad seachtain de 2022. Nuair a bhí sí sásta gur chomhlíon an t-athrú 'Will Be Won' na ceanglais rialála go léir, d'fhaomh an Rialalaí an t-iarratas ar an 12 Eanáir 2022 agus reáchtáladh an chéad Tharraingt 'Lotto Will Be Won' an 15 Eanáir 2022. Buaigh ticéad singil a mheaitseáil na 6 uimhir uile a tarraingíodh an pota óir de €19.1 milliún. Bhí ciste duaiseanna de thart ar €5.5m don 149 sealbhóir ticéad 'Mheaitseáil 5', agus bhuaigh gach duine díobh €36,687 mar thoradh ar shreabhadh na méideanna a bheadh curtha leis an bpota óir don 15 Eanáir 2022 murach sin.

# 1.7 Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

**Bunaíodh Ciste an Chrannchuir Náisiúnta (an "Ciste") faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta 1986 mar chuntas aonair i seilbh Bhanc Ceannais na hÉireann. Déanann an Rialálaí an Ciste a bhainistiú agus a rialú de réir an Achta agus an Cheadúnais.**

## Cistí i leith Cúiseanna Maithe

Ríomhtar an méid a leithdháiltear ar Chúiseanna Maithe, de réir an Achta agus an Cheadúnais, mar 65% den difríocht idir díolacháin agus duaiseanna. Faoin Acht, caithfidh na duaiseanna, ar an meán thar phunann chluichí an Chrannchuir Náisiúnta, a bheith 50% ar a laghad in aghaidh na bliana. Le linn 2021, aistríodh €289.7 milliún chuig an Státchiste i leith Cúiseanna Maithe- i gcomparáid le €270.3 milliún in 2020 (a bhain €16.1 milliún de sin le duaiseanna stairiúla neamhéilithe a bhí imithe in éag).

Coinníonn an Rialálaí méideanna i leith Cúiseanna Maithe sa Chiste agus aistríonn an Rialálaí iad chuig an Státchiste gach dhá mhí.

## Socraíocht Sheachtainiúil

Gach seachtain déanann an Rialálaí athbhreithniú ar "thuairisc socraíochta seachtainiúla" an Oibreora maidir le díolachán ticéid an Chrannchuir Náisiúnta maidir le gach scríobchárta, cluiche bunaithe ar tharraingt, agus cluiche 'buaigh ar an toirt'. Déantar seiceálacha maidir leis na méideanna a leithdháiltear ar dhuaiseanna, ar Chúiseanna Maithe, ar mhiondíoltóirí agus ar an Oibreoir. Déanann an ORNL an fhaisnéis airgeadais sin a chrostagairt do shonraí fíor-ama ó chóras cearrbhachais an Oibreora.

Tá na seiceálacha seachtainiúla sin ina gcuid de chóras rialaithe lena chinntiú go dtugtar cuntas ceart ar an ioncam a bhailítear ó dhíolachán ticéid an Chrannchuir Náisiúnta, ar an méid a thugtar i leith duaiseanna, ar an méid a thugtar i leith Cúiseanna Maithe agus ar an gcéatadán a thugtar do mhiondíoltóirí.

**Le linn 2021, aistríodh**

**€289.7 milliún**



chuig an Státchiste i leith Cúiseanna Maithe - i gcomparáid le **€270.3 milliún** in 2020

## Aistriú Cistí

Leantar na céimeanna seo a leanas ar bhonn seachtainiúil, de réir théarmaí an Cheadúnais:

| | |
|---|---|
| Céim 1 | Lóisteálann an tOibreoir méid iomlán díolachán ticéad glan ó choimisiúin miondíoltóirí agus duaiseanna beaga a íocann miondíoltóirí isteach sa Chiste. |
| Céim 2 | Aistríonn an Rialálaí an méid i leith duaiseanna, seachas duaiseanna beaga, don tseachtain ón gCiste go dtí an tOibreoir. |
| Céim 3 | Coimeádann an Rialálaí an méid i leith Cúiseanna Maithe sa Chiste. |
| Céim 4 | Aistríonn an Rialálaí an méid atá dlite i leith thobhach an Rialálaí. |
| Céim 5 | Aistríonn an Rialálaí an méid atá fágtha i leith na seachtaine chuig an Oibreoir. |

## Méid atá dlite do Chuntas an Chiste Duaiseanna

Ceanglaítear ar an Oibreoir Cuntas an Chiste Duaiseanna a choinneáil go sonrach chun duaiseanna airgid a fháil agus a íoc. Tá an méid a íoctar isteach i gCuntas an Chiste Duaiseanna gach seachtain bunaithe ar na duaiseanna measta a bhuaitear, toisc nach féidir é a bhunú ar na duaiseanna iarbhír a bhuaitear i seachtain ar leith. D'fhéadfadh sé freisin go sáróidh na duaiseanna iarbhír a bhuaitear i seachtain ar leith na fáltais ó dhíolacháin a íocadh isteach sa Chiste don tseachtain chéanna (mar gheall ar phota óir ard agus na príomhdhuaiseanna a bhuaitear i seachtain). Ciallaíonn sé seo go mbeidh an t-iarmhéid atá ar fáil i gCuntas an Chiste Duaiseanna éagsúil ó na duaiseanna iarbhír a buadh i gcluichí an Chrannchuir Náisiúnta nár éilíodh fós.

Chun cloí leis an Acht, ní mór Cuntas an Chiste Duaiseanna a réiteach go tréimhsiúil lena chinntiú go bhfuil dóthain airgid ann chun duaiseanna a íoc. Mar sin féin, níor sonraíodh leis an gCeadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a fheidhmiú cathain ná conas ba cheart a leithéid de réiteach a dhéanamh. Cé nár tharla sé riamh nach raibh Cuntas an Chiste Duaiseanna ábalta duais a íoc faoin gCeadúnas go dtí seo - agus nach dócha go dtarlódh a leithéid - d'fhéadfadh sé teacht chun cinn ag am éigin i saolré an Cheadúnais atá fágtha. Ar an gcúis sin, rinne an Rialálaí agus an tOibreoir bearta chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar, ag baint úsáid as leasú ar an gCeadúnas.

Chinn an Rialálaí go bhfuil Ciste an Chrannchuir Náisiúnta faoi dhliteanas i leith na nduaiseanna iarbhír a bhuaitear, agus éilítear leis an gCeadúnas go ndéanfar na méideanna atá le híoc isteach sa Chiste agus amach as ar bhonn seachtainiúil a ríomh faoi threoir na nduaiseanna measta a bhaineann leis na díolacháin an tseachtain sin (mar a rinneadh go dtí seo), agus go ndéanfaí réiteach bliantúil ar na duaiseanna iarbhír arna mbuachan i ndiaidh dheireadh gach Bliana Airgeadais chun an coigeartú íocaíochta bliantúil a theastaíonn i leith Chuntas an Chiste Duaiseanna a ríomh.

I ndiaidh plé fairsing leis an Oibreoir, mhol an Rialálaí an Ceadúnas a leasú chun foráil a dhéanamh d'fhoirm agus d'uainiú réiteach bliantúil Chuntas an Chiste Duaiseanna agus tháinig sí ar chomhaontú i mí na Bealtaine 2021 leis an Oibreoir maidir leis an togra sin. Is féidir an leasú ina iomláine a fháil ar shuíomh gréasáin an Rialálaí anseo.

Déanfar coigeartú i mí an Mhárta/Aibreáin gach bliain le haghaidh sciar na nDuaiseanna Maithe (65%) den choigeartú ar Chuntas an Chiste Duaiseanna, a léireofar in aistrithe chuig an Státchiste ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh sé gurb é an treo a bheadh leis an gcoigeartú gach bliain méadú nó laghdú a dhéanamh ar fháltais a aistrítear chuig Cúiseanna Maithe, chun aontú leis na fáltais iarbhír a tuilleadh i leith Cúiseanna Maithe. Beidh scálaí éagsúla ó bhliain go bliain i gceist leis an gcoigeartú a theastaíonn in aon bhliain airgeadais agus déanfar é a thaifeadadh sna cuntais don Chiste.

Ar an 31 Nollaig 2021 bhí suim €6.2 milliún dlite don Chrannchur Náisiúnta ó Chuntas an Chiste Duaiseanna, arb ionann é agus sciar 65% de choigeartú an Chiste Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, agus fuair an Crannchur Náisiúnta an tsuim sin ar an 31 Márta 2022. (Amhail an 31 Nollaig 2020 bhí dliteanas €5.7m ag Ciste an Chrannchuir Náisiúnta i leith Chuntas an Chiste Duaiseanna agus íocadh an méid sin le Cuntas an Chiste Duaiseanna ar 22 Meitheamh 2021.)

## Cuntais Bhliantúla Chiste an Chrannchuir Náisiúnta

D'ullmhaigh an Rialálaí cuntais bhliantúla an Chiste agus cuireadh faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad lena n-iniúchadh de réir Alt 44 den Acht. Rinneadh na cuntais sin a iniúchadh agus tá siad leagtha amach i gCuid 3 den doiciméad seo.

## Athbhreithniú an Aire ar Thrédhearcacht agus ar Éifeachtúlacht Dháileadh an Maoinithe i leith Cúiseanna Maithe

I mí Mheán Fómhair 2021, d'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go ndearna sé comhairleoirí neamhspleácha a choimisiúnú chun tacú le hathbhreithniú a Roinne ar thrédhearcacht agus éifeachtacht maidir leis an dóigh a ndéantar maoiniú i leith Cúiseanna Maithe an Chrannchuir Náisiúnta a dháileadh.

Níl aon ról ag an Rialálaí maidir le hiarratais ar chistí, ná le leithdháileadh cistí i leith Cúiseanna Mhaithe. Ba chóir iarratais ar mhaoiniú a dhíriú chuig an Roinn Rialtais ábhartha.

# 1.8 Forfheidhmiú Trádmharcanna

**Foráiltear in Alt 46 den Acht go ndéantar an cáilmheas a ghabhann leis na hainmneacha "Crannchur Náisiúnta na hÉireann " agus "Crannchur Náisiúnta" agus a gcoibhéisí i mBearla agus le hainm aon chluiche crannchuir a shealbhaítear faoin gCeadúnas a dhílsiú san Aire.**

I gClásal 7 tugtar achoimre ar fhorálacha mionsonraithe maidir le hoibleagáidí um chomhlíonadh trádmharcanna agus cóipchirt agus tá cóipeanna de chomhaontuithe IP forghníomhaithe a chuireann oibleagáidí ar an Oibreoir i Sceideal 4 den Cheadúnas. De bhun alt 9(5) den Acht féadfaidh an Rialálaí aon trádmharcanna a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta a fhorfheidhmiú.

**Tháinig dhá shaincheist chun cinn in 2021 a d'éiligh gníomh chun trádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta a chosaint, agus gníomhaíodh ina leith le linn na tréimhse seo mar seo a leanas.**

I mí an Mhárta 2021, tháinig an tOibreoir ar an eolas faoi go leor sáruithe amhrasta á ndéanamh ar thrádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta agus ar chearta maoine intleachtúla ar roinnt suíomhanna gréasáin atá cláraithe i Málta, agus i Naomh Uinseann agus na Greanáidíní, agus rinne sé athbhreithniú ar mhéid na faidhbe. D'fhostaigh an tOibreoir ionadaithe dlíthiúla chun scor láithreach de na sáruithe sin a iarraidh agus, tráth a foilsíodh é seo, tá an cheist fós ar siúl.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, tháinig an tOibreoir ar an eolas faoi leathanach meán sóisialta a bhí ag tairiscint thicéid an Chrannchuir Náisiúnta do EuroMillions agus don Lató mar dhuaiseanna agus bhí íomhánna de na ticéid sin le feiceáil go soiléir. D'eisigh an tOibreoir litir scoir agus stad láithreach chuig an gcuideachta a bhí ag oibriú an leathanaigh meán sóisialta agus fuarthas deimhnithe gur baineadh na híomhánna. Dheimhnigh seiceálacha ina dhiaidh sin gur scriosadh iad.

**Níor tháinig aon cheanglas ar an Rialálaí cearta trádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta a fhorfheidhmiú in 2021.**

# 1.9 Leasuithe ar an gCeadúnas

## Íocaíocht Duaise

In 2020, mar gheall ar shrianta taistil mar thoradh ar bhearta sláinte poiblí a cuireadh i bhfeidhm chun scaipeadh COVID-19 a mhaolú, d'aontaigh an Rialálaí agus an tOibreoir leasú sealadach ar an gCeadúnas chun go bhféadfaí duaiseanna os cionn €10,000, arbh ghá de réir an Cheadúnais iad a éileamh go pearsanta ag Ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta, a éileamh ó chian ina ionad sin. Rinne an nós imeachta nua maidir le cianéileamh do na duaiseanna "ardleibhéil" sin forbairt ar an bpróiseas éilimh poist a bhí i bhfeidhm cheana féin le haghaidh duaiseanna ar luach níos ísle.

I mí Feabhra 2021, agus ina dhiaidh sin i mí na Nollag 2021, mar gheall ar shrianta leanúnacha ar thaisteal a bhain le COVID-19, d'fhaomh an Rialálaí síneadh le tréimhse an leasaithe shealadaigh sin. I mí Aibreáin 2021, rinneadh an Ceadúnas a leasú tuilleadh chun go mbeadh ball d'fhoireann an Chrannchuir Náisiúnta ábalta taisteal chuig tithe buaiteoirí duaiseanna ardleibhéil chun na doiciméid riachtanacha a bhailiú chun éilimh a phróiseáil ag Ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta. Is féidir na leasuithe sin a fháil ar shuíomh gréasáin an Rialálaí anseo.

## Cuntas an Chiste Duaiseanna – Réiteach Bliantúil

Ceanglaítear ar an Oibreoir Cuntas an Chiste Duaiseanna a choinneáil go sonrach chun duaiseanna airgid a fháil agus a íoc. Tá an méid a íoctar isteach i gCuntas an Chiste Duaiseanna gach seachtain bunaithe ar na duaiseanna measta a bhuaitear, toisc nach féidir é a bhunú ar na duaiseanna iarbhír a bhuaitear i seachtain ar leith, agus mar sin beidh an t-iarmhéid atá ar fáil i gCuntas an Chiste Duaiseanna éagsúil ó na duaiseanna iarbhír a buadh i gcluichí an Chrannchuir Náisiúnta nár éilíodh fós.

Chun cloí leis an Acht, ní mór Cuntas an Chiste Duaiseanna a réiteach go tréimhsiúil lena chinntiú go bhfuil dóthain airgid ann chun duaiseanna a íoc. Mar sin féin, níor sonraíodh leis an gCeadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a fheidhmiú cathain ná conas ba cheart a leithéid de réiteach a dhéanamh. Sa bhfíor-chorrchás nach mbeadh dóthain airgid ann le haghaidh íocaíocht duaise, rinne an Rialálaí agus an tOibreoir bearta chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb agus leasaigh siad an Ceadúnas.

I ndiaidh plé fairsing leis an Oibreoir, mhol an Rialálaí an Ceadúnas a leasú chun foráil a dhéanamh i leith réiteach bliantúil Chuntas an Chiste Duaiseanna agus tháinig sí ar chomhaontú i mí na Bealtaine 2021 leis an Oibreoir maidir leis an togra sin. Chinn an Rialálaí go bhfuil Ciste an Chrannchuir Náisiúnta faoi dhliteanas i leith na nduaiseanna iarbhír a bhuaitear, agus éilítear leis an gCeadúnas go ndéanfar na méideanna atá le híoc isteach sa Chiste agus amach as ar bhonn seachtainiúil a ríomh faoi threoir na nduaiseanna measta a bhaineann leis na díolacháin an tseachtain sin (mar a rinneadh go dtí seo), agus go ndéanfaí réiteach bliantúil ar na duaiseanna iarbhír arna mbuachan i ndiaidh dheireadh gach Bliana Airgeadais chun an coigeartú íocaíochta bliantúil a theastaíonn i leith Chuntas an Chiste Duaiseanna a ríomh.

Is féidir an leasú ina iomláine a fháil ar shuíomh gréasáin an Rialálaí anseo.

# 1.10 Gnóthaí Corparáideacha

## 1.10.1 Cianobair agus Obair Chumasc

Roimh 2020, bhí an ORNL ag feidhmiú mar eagraíocht oifig-bhunaithe le cumas teoranta cianoibre. Faoin am a fógraíodh an chéad dianghlasála i mí an Mhárta 2020, áfach, rinne an ORNL aistriú 100% go cianobair, i dtimpeallacht shlán TF, agus chuir sí rialuithe nua i bhfeidhm lena rialaítear próisis agus nósanna imeachta atá oiriúnaithe don chianobair.

In 2021, rinneadh athruithe agus feabhsuithe breise ar chórais TF agus ar bheartais agus nósanna imeachta inmheánacha an ORNL chun teacht le riachtanais reatha agus réamh-mheasta cianoibre agus oibre cumaisc. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach saineolaithe ar ullmhacht chibearshlándála an ORNL agus gníomhaíodh ar na moltaí. Thacaigh an ORNL lena foireann in 2021 trí réimse imeachtaí rialta agus acmhainní éagsúla, chun ceangal, folláine agus meanma na foirne a choinneáil sa timpeallacht leanúnach cianoibre.

Chun ullmhú do thimpeallacht oibre cumaisc/hibridí, de réir mar a thosaigh an ORNL ag filleadh ar an oifig de réir a chéile, d'fhostaigh an Rialálaí comhairleoir seachtrach chun dhá cheardlann foirne a sholáthar ar "Making Hybrid Work" agus stiúir sí comhairliúcháin duine le duine leis an bhfoireann. Ceapadh na ceardlanna agus na comhairliúcháin lena chur ar chumas an ORNL aistriú go meascán d'obair oifig-bhunaithe agus cianobair ar bhealach lena gcuirfear taca faoi eagraíocht tháirgiúil agus éifeachtach.

## 1.10.2 Straitéis

In 2021, d'fhorbair an Rialálaí tríú ráiteas straitéise na heagraíochta. Sna chéad seacht mbliana ó bhunú na hOifige, tá athrú agus dul chun cinn ollmhór déanta ar oibriú agus ar rialáil an Chrannchuir Náisiúnta. I bhfianaise na timpeallachta ina bhfeidhmíonn an Crannchur Náisiúnta atá ag athrú go gasta, socraíodh tréimhse straitéise trí bliana. Leis an straitéis do 2022 go 2024 ullmhaítear an Rialálaí lena ceanglais reachtúla a chomhlíonadh ar bhealach a fhreagraíonn don tírdhreach ina bhfeidhmíonn an ORNL atá ag athrú de shíor. Áirítear leis sin tionscadail áirithe a cuireadh siar in 2020/21 chun acmhainní a atreorú chuig na hábhair nuálacha ní ba phráinní a tháinig chun cinn mar gheall ar an bpaindéim nó toisc nach bhféadfaí taighde aghaidh ar aghaidh a dhéanamh go sábháilte fós. Is féidir Straitéis 2022 go 2024 an ORNL a fháil ar shuíomh gréasáin an Rialálaí anseo.

## 1.10.3 Rialachas Corparáideach

### Cód Cleachtais Rialachais Chorparáidigh

Tá cleachtas rialachais an ORNL bunaithe ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2016. Ghlac an ORNL forálacha an Chóid mar is cuí i gcomhthéacs cheanglais an Achta um Chrannchur Náisiúnta 2013 ina ndéantar foráil do shealbhóir oifige aonair gan bord.

Tá Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh nua i bhfeidhm leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do 2022 go 2024 agus déanann sé comhlíonadh an Chóid ag an ORNL a thaifeadadh go foirmiúil, lena n-áirítear maoluithe agus coigeartuithe atá oiriúnach do struchtúr an ORNL.

### Eitic in Oifigí Poiblí

Tá an ORNL cuimsithe in Ionstraim Reachtúil Uimh.36 de 2015 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon an Rialálaí agus a baill foirne ábhartha a n-oibleagáidí faoin reachtaíocht sin.

### Dualgas na hEarnála Poiblí um Chearta an Duine agus um Chomhionannas

I gcomhréir le hAlt 42(1) den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, comhlíonfaimid ár n-oibleagáidí chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna agus caithimh a chur chun cinn, agus cearta daonna ár gcustaiméirí go léir, idir chustaiméirí seachtracha agus inmheánacha, a chosaint.

In 2021 rinne an Rialálaí a Cairt Chustaiméirí a nuashonrú le plean gníomhaíochta lena chinntiú gur chomhlíon an ORNL oibleagáidí an Achta mar a leanas:

- Déanfaimid measúnú rialta ar aon cheisteanna cearta daonna agus comhionannais a dtéann obair an Rialálaí i gcion orthu go díreach nó go hindíreach nó a théann i gcion ar obair an Rialálaí.
- Déanfaimid athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar ár mbeartais agus breithniú iomlán á dhéanamh againn ar an ngá atá le comhionannas deiseanna agus caithimh a chur chun cinn, agus le cosaint chearta daonna gach duine a mbímid i dteagmháil leo.

Tá Cairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta an Rialála 2021-2023 ar fáil ar shuíomh gréasáin an Rialálaí anseo.

### Nochtadh Cosanta

De réir Alt 214 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, tá nósanna imeachta bunaithe agus á gcoimeád ag an ORNL chun nochtadh cosanta a dhéanamh maidir leis an ORNL agus a cuid oibre agus chun déileáil le nochtadh den sórt sin. Tá Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ina Dhuine Forordaithe faoin Acht ón 24 Meán Fómhair 2020 i leith.

Ní bhfuair Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta aon nochtadh cosanta sa tréimhse tuairiscithe ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021.

## 1.10.4 Acmhainní agus Soláthar Foirne

### Maoiniú

Maoinítear oibríochtaí an Rialálaí le tobhach ar an Oibreoir de réir Alt 24 den Acht. Socraíodh an tobhach do 2015, an chéad bhliain iomlán oibríochtaí, sa Cheadúnas ag €1,500,000. Ina dhiaidh sin, déantar é a innéacsú go bliantúil de réir an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí.

B'ionann an tobhach do 2021 agus €1,517,500.

### An fhoireann

B'ionann an cead ón Aire d'Oifig an Rialála in 2021 agus 10 mball foirne (lena n-áirítear an Rialálaí). Ní raibh aon fholúntais ann ag am ar bith in 2021.

## 1.10.5 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh cuntais bhliantúla Rialálaí do 2021 agus cuireadh faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad lena n-iniúchadh. Rinneadh na cuntais sin a iniúchadh agus tá siad leagtha amach i gCuid 2 den doiciméad seo. Rinne an Rialálaí maoirseacht ar phróiseas na ráiteas airgeadais bliantúil agus ar na beartais chuntasaíochta, ar bhainistíocht riosca, ar rialú inmheánach agus ar shaincheisteanna faoi luach ar airgead.

## 1.10.6 Iniúchóireacht Inmheánach

D'aontaigh an Rialálaí clár iniúchtaí inmheánacha arna seoladh in 2021 ag iniúchóirí inmheánacha ceaptha an ORNL, agus cuireadh tuarascálacha faoi bhráid an Rialálaí. Tugadh aghaidh in iniúchtaí inmheánacha ar Chiste an Chrannchuir Náisiúnta agus ar Oifig an Rialálaí araon agus cuimsíodh iontu measúnú ar rialuithe airgeadais agus inmheánacha eile, measúnú ar rialuithe maidir le párolla agus íocaíochtaí cártaí creidmheasa agus athbhreithniú ar bhainistiú riosca agus cosaint imreoirí.

In 2021, d'fhostaigh an ORNL Mazars chun iniúchadh a dhéanamh ar a córais TFC agus ar a slándáil. Rinneadh an t-iniúchadh seachtrach neamhspleách sin lena chinntiú go bhfuil na córais a úsáideann an ORNL slán agus go laghdaítear riosca leo de réir mar a smaoiníonn an eagraíocht ar shamhlacha oibre hibridí agus go leanann sí ag nuashonrú a teicneolaíochta chun leanúint le seirbhís éifeachtach a sholáthar.

## 1.10.7 Bainistíocht Riosca

Tá an ORNL neamhchosanta ar rioscaí éagsúla straitéiseacha, oibriúcháin agus airgeadais le linn di a ról agus a feidhmeanna a chomhlíonadh. D'fhéadfadh na rioscaí sin teacht as foinsí inmheánacha nó seachtracha agus d'fhéadfaidís cosc nó bac a chur ar chumas an ORNL a cuspóirí a bhaint amach. Ar aon dul leis an dea-chleachtas, tá beartas bainistíochta riosca agus ráiteas ar inghlacthacht riosca ag an ORNL chun na rioscaí atá os a comhair a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú.

Tá Coiste Riosca feidhmiúcháin ann; is é a ról comhairle a chur ar an Rialálaí maidir le cúrsaí riosca agus a chinntiú go bhfuil córais imleora i bhfeidhm. Déanann an Coiste Riosca monatóireacht agus nuashonrú ar an gClár Rioscaí Corparáideacha ar bhonn leanúnach. Déanann an Coiste athbhreithniú ar an gClár Rioscaí ar bhonn bliantúil. Ina theannta sin, déantar dhá athbhreithniú bhreise in aghaidh na bliana ar rioscaí ard-aicmithe, rioscaí nua agus rioscaí a athraíonn ar an gClár Rioscaí. Leanadh leis an bpróiseas athbhreithnithe sin in 2021 trí chianchruinnithe den Choiste.

## 1.10.8 Ceanglais Reachtaíochta

### Teangacha Oifigiúla

Comhlíonann an Rialálaí reachtaíocht na dTeangacha Oifigiúla.

### Saoráil Faisnéise

Tháinig an Rialálaí faoi raon feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 an 14 Aibreán 2015. Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an ORNL atá cothrom le dáta leis an reachtaíocht reatha lena rialaítear iarratais um shaoráil faisnéise. I gcomhréir le hAlt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, d'ullmhaigh agus d'fhoilsigh an ORNL scéim foilsithe agus aird á tabhairt ar phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta.

Fuair an ORNL ceithre cinn déag n-iarratas um shaoráil faisnéise le linn 2021. Ní dhearnadh achomharc ar chinntí ar bith chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus iarradh athbhreithniú inmheánach amháin. Foilsítear sonraí ar iarratais neamhphearsanta sa Loga Nochta um Shaoráil Faisnéise, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Rialálaí.

### Ídiú Fuinnimh

Tá oifig amháin ag an ORNL, atá lonnaithe in Ionad Irish Life, Baile Átha Cliath 1. Tá an oifig suite ar chuid d'urlár amháin i bhfoirgneamh oifige iláitithe. Ní an t-achar urláir atá ar léas níos mó ná 1,000 méadar cearnach i gcás go dteastaíonn Deimhniú Fuinnimh Taispeána.

Tuairiscíonn an Rialalaí feidhmíocht fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann faoi IR Uimh 542/2009 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáide Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009.

In 2021, d'úsáid an ORNL 35.2 MWh d'fhuinneamh, ina raibh:

- 5.6 MWh de leictreachas.
- 29.6 MWh de bhreoslaí iontaise (téamh).

# Aguisín A:
# Caighdeáin Feidhmíochta PLI

| Bliain go dtí 31 Nollaig 2021 | Caighdeán | Feidhmíocht a Baineadh Amach | Réamhaisnéis do 2022 |
|---|---|---|---|
| **Córais Ríomhaire** | | | |
| Infhaighteacht deiridh chun ticéid a dhíol* | 99.00% | 99.93% | 99.50% |
| Inúsáidteacht córais cluichíochta | 99.00% | 100% | 99.50% |
| Inúsáidteacht Suíomh Gréasáin | 99.00% | 99.87% | 99.50% |
| * 7am go 10pm, seachas an sos crannchuir, 7 lá in aghaidh na seachtaine, seachas Lá Nollag agus éarthaí seirbhíse réamhshocraithe. | | | |
| **Íocaíocht Duaise** | | | |
| Íoctar éilimh níos airde ná €1000 le seic tar éis cuairte ar cheanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta | 95.00% laistigh de 3 Uair | 100% | 98.00% |
| | 5.00% laistigh de 20 lá oibre | 0% | 2.00% |
| Íoctar éilimh níos airde ná €1000 le seic tar éis éilimh poist | 95.00% laistigh de 5 Lá | 99.28% | 98.00% |
| | 5.00% laistigh de 20 lá oibre | 0.72% | 2.00% |
| **Seirbhísí Imreora** | | | |
| Infhaighteacht Seirbhíse* | 99.00% | 100% | 99.00% |
| Glaonna a fhreagraítear laistigh de 30 soicind | 70.00% | 88.00% | 90.00% |
| * 8am go 8pm, seachas an sos crannchuir, 7 lá in aghaidh na seachtaine, seachas Lá Nollag agus éarthaí seirbhíse réamhshocraithe. | | | |
| **Seirbhísí Imreora - Teagmháil Scríofa** | | | |
| Infhaighteacht Seirbhíse* | 99.00% | 100% | 100% |
| Litreacha a fhreagraítear laistigh de 5 lá oibre | 80.00% | 96.00% | 85.00% |
| Ríomhphoist a fhreagraítear laistigh de 2 lá oibre | 80.00% | 99.00% | 95.00% |
| Freagraí ar ghearáin laistigh de 10 lá oibre - Eanáir - Meán Fómhair 2021** | 95.00% | 97.00% | NA |
| Réiteach ar ghearáin agus ar fhiosruithe ar an gcéad iarracht - Eanáir - Meán Fómhair 2021** | 80.00% | 34.00% | NA |
| Freagraí ar ghearáin laistigh de 2 lá oibre - Deireadh Fómhair - Nollaig 2021** | 85.00% | 99.00% | 85.00% |
| Freagraí ar ghearáin laistigh de 5 lá oibre - Deireadh Fómhair - Nollaig 2021** | 100.00% | 100.00% | 100.00% |
| Gearáin le dúnadh laistigh de 10 lá oibre - Deireadh Fómhair - Nollaig 2021** | 95.00% | 97.00% | 95.00% |
| * 9.15am go 5.30pm, an Luan go dtí an Aoine, seachas Oíche Nollag agus laethanta saoire poiblí<br>** Féach ar leathanach 10 le haghaidh eolais | | | |

# **Aguisín B:**
# Tuarascálacha Rialta a Fuarthas ó PLI

| Tuarascáil | Minicíocht |
|---|---|
| Tuarascáil Bhliantúil ar Chúiseanna Maithe agus Tuarascáil Iniúchóirí Seachtracha ina thaobh | Go Bliantúil |
| Cuntais Iniúchta PLI | Go Bliantúil |
| Ráiteas Imréitigh Bliantúil an Dhuaischiste | Go Bliantúil |
| Tuarascáil na n-Iniúchóirí Seachtracha ar Rialuithe Inmheánacha PLI | Go Bliantúil |
| Tuarascáil na n-Iniúchóirí Seachtracha ar Pháirtithe Gaolmhara PLI | Go Bliantúil |
| Tuarascáil ar Chaighdeáin Feidhmíochta Bliantúla | Go Bliantúil |
| Plean Bliantúil Iniúchóireachta Inmheánaí | Go Bliantúil |
| Buiséad Bliantúil Bonnmhargaíochta | Go Bliantúil |
| Tuarascáil ar Ghníomhaíocht Bhliantúil | Go Bliantúil |
| Tuarascáil ar Mhargaíocht Incriminteach | Go Bliantúil |
| Tuarascáil an Choiste Riosca Iniúchóireachta agus Slándála ar éifeacht Chóras Rialuithe Inmheánacha PLI | Go Bliantúil |
| Litir Rannpháirtíochta leis an Iniúchóir Seachtrach | Go Bliantúil |
| Achoimre ar Rioscaí Suntasacha *(Cláir Rioscaí roimhe sin)* | Go Ráithiúil |
| Deimhniú Bliantúil Cuntais Bhainc | Go Bliantúil |
| Tuarascálacha Deiridh ar Chluichí Scríobchárta | Ag Deireadh an Chluiche |
| Cuntais Bhainistíochta Mhíosúla | Go Míosúil |
| Tuarascáil ar Limistéir Shlána | Go Míosúil |
| Tuarascáil ar Logleabhar Míosúil Teagmhais TF | Go Míosúil |
| Luas Íocaíochtaí Duaise | Go Míosúil |
| Nuashonruithe ar Chur Síos | Go Míosúil |
| Athruithe ar Stiúrthóirí agus Bainisteoirí Sinsearacha | Go Míosúil |
| Tuarascáil ar Ghearáin | Go Míosúil |
| Tuarascáil Mhéadrachta an Ionaid Teagmhála | Go Míosúil |
| Tuarascáil ar Dhuaiseanna Neamhéilithe | Go Tréimhsiúil |
| Tuarascáil ar Chúiseanna Maithe | Go Ráithiúil |
| Tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí | Go Ráithiúil |
| Miontuairiscí Chruinnithe an Choiste Riosca Iniúchóireachta agus Slándála | Go Ráithiúil |
| Tuarascálacha ar Chosaint Imreoirí | Go Ráithiúil |
| Nuashonrú ar Ghearáin | Go Seachtainúil |
| Nuashonrú Trádála agus TF | Go Seachtainúil |
| Socraíochtaí Seachtainiúla | Go Seachtainúil |

# Aguisín C:
# Iarratais ar Fhaomhadh nó ar Chead faoin gCeadúnas

| Uimhir Iarratais | Dáta | Alt Faofa De Dhíth | Eolas ar an gCluiche/ an tSeirbhís | Bainteach le Cluiche | Leasaithe / Tuilleadh Eolais Iorgtha | Stádas ar an 31 Nollaig 2021 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | Ag Dul Ar Aghaidh | Iarratas Tarraingthe Amach | Faofa sa Deireadh | Diúltaithe sa Deireadh | Dáta an Chinnte |
| 1 | 04/01/2021 | Cuid 45 | Leasú 261 ar Bingo Multiplier | Tá | Tá | | | Faofa | | 03/03/2021 |
| 2 | 04/01/2021 | Cuid 45 | Leasú 263 ar Cashword Doubler | Tá | Tá | | | Faofa | | 10/03/2021 |
| 3 | 04/01/2021 | Clásal 18.3 | Szreck Solutions RNG | Níl | Tá | | | Faofa | | 28/04/2021 |
| 4 | 05/01/2021 | Cuid 45 | Instant Lotto | Tá | Tá | | | Faofa | | 25/06/2021 |
| 5 | 15/01/2021 | Cuid 45 | All Cash 267 | Tá | Tá | | | Faofa | | 16/03/2021 |
| 6 | 29/01/2021 | Clásal 18.3 | Forbairt Feidhmchláir Gréasáin agus Seirbhísí Tacaíochta | Níl | Tá | | | Faofa | | 11/03/2021 |
| 7 | 12/02/2021 | Clásal 9.8 | Seachtain na Gaeilge | Níl | Tá | | | Faofa | | 01/03/2021 |
| 8 | 17/02/2021 | Cuid 45 | IWGS | Tá | Tá | | | Faofa | | 07/12/2021 |
| 9 | 19/02/2021 | Cuid 45 | Síneadh Leasaithe ar an bPróiseas Éilimh (Feabhra 2021) | Níl | Tá | | | Faofa | | 07/04/2021 |
| 10 | 15/03/2021 | Cuid 45 | Leasú ar Lotto agus Lotto Plus | Tá | Tá | | | Faofa | | 13/09/2021 |
| 11 | 16/03/2021 | Cuid 45 | Leasú ar Lucky 7s | Tá | Tá | | | Faofa | | 09/04/2021 |
| 12 | 19/03/2021 | Clásal 7.12 agus Clásal 9.8 | Íogaireacht ar bhonn Tráchtála | Níl | Tá | | Tarraingthe Amach | | | 07/07/2021 |
| 13 | 26/03/2021 | Cuid 45 | Síneadh le Faomhadh IWG | Tá | Tá | | | Faofa | | 31/03/2021 |
| 14 | 31/03/2021 | Cuid 45 | Bingo 90 | Tá | Tá | | | Faofa | | 07/05/2021 |
| 15 | 06/04/2021 | Clásal 9.8 | Íogaireacht ar bhonn Tráchtála | Níl | Tá | | Tarraingthe Amach | | | 07/07/2021 |
| 16 | 12/04/2021 | Sceideal 9 | Ríomhíocaíochtaí | Níl | Tá | | | Faofa | | 03/08/2021 |
| 17 | 14/04/2021 | Cuid 45 | Lucky Rainbow IWG | Tá | Tá | | | Faofa | | 17/06/2021 |
| 18 | 14/04/2021 | Cuid 45 | Lucky Rainbow Doubler IWG | Tá | Tá | | | Faofa | | 17/06/2021 |
| 19 | 15/04/2021 | Cuid 45 | Double Your Money - Cluiche 271 | Tá | Tá | | | Faofa | | 24/05/2021 |
| 20 | 15/04/2021 | Cuid 45 | Hampers and Cash 268 | Tá | Tá | | | Faofa | | 07/05/2021 |
| 21 | 15/04/2021 | Clásal 7.11 | Trádmharc Circle K | Níl | Níl | | | Faofa | | 16/04/2021 |
| 22 | 30/04/2021 | Cuid 45 | Leasú ar an bPróiseas Éilimh - Athruithe ar Rialacha an Chluiche | Níl | Níl | | | Faofa | | 04/05/2021 |
| 23 | 05/05/2021 | Clásal 9.8 | Íogaireacht ar bhonn Tráchtála | Níl | Tá | | Tarraingthe Amach | | | 12/05/2021 |
| 24 | 27/05/2021 | Cuid 45 | Grid of Fortune IWG | Tá | Tá | | | Faofa | | 29/06/2021 |
| 25 | 10/06/2021 | Clásal 18.3 | BOIPA | Níl | Tá | | | Faofa | | 14/07/2021 |

Bainteach le Cluiche

| Uimhir Iarratais | Dáta | Alt Faofa De Dhíth | Eolas ar an gCluiche/ an tSeirbhís | Bainteach le Cluiche | Leasaithe / Tuilleadh Eolais Iorgtha | Stádas ar an 31 Nollaig 2021 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | Ag Dul Ar Aghaidh | Iarratas Tarraingthe Amach | Faofa sa Deireadh | Diúltaithe sa Deireadh | Dáta an Chinnte |
| 26 | 09/07/2021 | Cuid 45 | Údarú an Mhiondíoltóra | Níl | Níl | | | Faofa | | 21/07/2021 |
| 27 | 16/07/2021 | Cuid 45 | Bank of Cash IWG | Tá | Tá | | | Faofa | | 19/08/2021 |
| 28 | 04/08/2021 | Cuid 45 | Lucky 3s - Cluiche 266 Leasú | Tá | Níl | | | Faofa | | 05/08/2021 |
| 29 | 05/08/2021 | Clásal 18.3 | Zero Day Labs | Níl | Tá | | | Faofa | | 15/09/2021 |
| 30 | 09/08/2021 | Cuid 45 | Money Multiplier - 248 Leasú | Tá | Níl | | | Faofa | | 11/08/2021 |
| 31 | 09/08/2021 | Cuid 45 | Christmas Millionaire Raffle 2021 | Tá | Tá | | | Faofa | | 14/09/2021 |
| 32 | 09/08/2021 | Cuid 45 | Mega Money Multiplier- 249 Leasú | Tá | Níl | | | Faofa | | 12/08/2021 |
| 33 | 10/08/2021 | Cuid 45 | Instant Lotto 247 - Leasuithe | Tá | Tá | | | Faofa | | 19/08/2021 |
| 34 | 11/08/2021 | Cuid 45 | Fame and Fortune IWG | Tá | Tá | | | Faofa | | 04/10/2021 |
| 35 | 18/08/2021 | Cuid 45 | Tionscadal Rialacha | Tá | Tá | Ag Dul Ar Aghaidh | | | | |
| 36 | 19/08/2021 | Cuid 45 | Leasuithe ar Smart Play | Tá | Tá | | | Faofa | | 04/10/2021 |
| 37 | 20/08/2021 | Clásal 7.11, Clásal 7.12 | Miondíoltóirí agus Trádmharcanna Áirithe | Níl | Tá | Ag Dul Ar Aghaidh | | | | |
| 38 | 20/08/2021 | Cuid 45 | IWG Catagóir Cuir Culaith Úr Air | Tá | Tá | Ag Dul Ar Aghaidh | | | | |
| 39 | 26/08/2021 | Clásal 7.11, Clásal 7.12 | Miondíoltóirí agus Trádmharcanna (Potaí Óir) | Níl | Tá | | | Faofa | | 22/10/2021 |
| 40 | 27/08/2021 | Cuid 45 | Tellybingo | Tá | Tá | | | Faofa | | 16/12/2021 |
| 41 | 10/09/2021 | Cuid 45 | Knockout Numbers IWG | Tá | Tá | | | Faofa | | 06/10/2021 |
| 42 | 20/09/2021 | Cuid 45 | Cluichí Comharba - Síneadh Buan | Tá | Tá | | | Faofa | | 24/09/2021 |
| 43 | 19/10/2021 | Cuid 45 | Big Time Bingo IWG | Tá | Tá | Ag Dul Ar Aghaidh | | | | |
| 44 | 10/11/2021 | Clásal 18.3 | Leagan 1 Bunachar Sonraí | Níl | Níl | | | Faofa | | 30/11/2021 |
| 45 | 02/12/2021 | Cuid 45 | Íogaireacht ar bhonn Tráchtála | Tá | Tá | | Tarraingthe Amach | | | 07/12/2021 |
| 46 | 03/12/2021 | Cuid 45 | All Cash Gift | Tá | Tá | Ag Dul Ar Aghaidh | | | | |
| 47 | 07/12/2021 | Cuid 45 | Leasú ar Lotto -Crannchur MBW | Tá | Tá | Ag Dul Ar Aghaidh | | | | |
| 48 | 08/12/2021 | Cuid 45 | Slánú | Tá | Tá | Ag Dul Ar Aghaidh | | | | |
| 49 | 10/12/2021 | Cuid 45 | Síneadh Leasaithe ar an bPróiseas Éilimh (Nollaig 2021) | Níl | Níl | | | Faofa | | 20/12/2021 |
| 50 | 23/12/2021 | Clásal 18.3 | Rapid 7 Security | Níl | Tá | Ag Dul Ar Aghaidh | | | | |
| 51 | 31/12/2021 | Cuid 45 | Mexican Moolah IWG | Tá | Tá | Ag Dul Ar Aghaidh | | | | |
| 52 | 31/12/2021 | Cuid 45 | California Cash IWG | Tá | Tá | Ag Dul Ar Aghaidh | | | | |

Bainteach le Cluiche

2

# Rialálaí An Chrannchuir Náisiúnta **Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais**

## don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2021


| | |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 36 |
| Ráiteas Rialachais agus Ráiteas na gCúraimí | 37 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 42 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 45 |
| Ráitis Airgeadais | 48 |

# Eolas Ginearálta

| | |
|---|---|
| **Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta** | Carol Boate |
| **Seoladh** | Bloc D<br>Ionad Irish Life<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 W2H4 |
| **Baincéirí** | AIB plc.<br>7/12 Sráid an Dáma<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 KX20<br><br>Banc na hÉireann<br>6 Sráid Uí Chonaill Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 X324 |
| **Dlíodóirí** | Mason Hayes & Curran<br>Teach an Bhruaigh Theas<br>Sráid na Bearú<br>Baile Átha Cliath 4<br>D04 TR29<br><br>Fieldfisher<br>Foirgneamh Chéipil<br>Mainistir Mhuire<br>Baile Átha Cliath 7<br>D07 N4C6 |
| **Iniúchóirí** | Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 PF72 |

# Ráiteas Rialachais Agus Ráiteas Na gCúraimí

## Rialachas

Bunaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faoin Acht um Chrannchuir Náisiúnta, 2013 ("an tAcht"). Leagtar amach feidhmeanna an Rialálaí in Alt 9 den Acht. Faoi réir an Achta, beidh an Rialálaí neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna. Tá freagracht ar an Rialálaí as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomh-shaincheist gnó. Tá an Rialálaí freagrach don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is é ar an Rialálaí agus ar an bhfoireann bainistíochta sinsearaí atá an bhainistíocht laethúil rialta, rialú agus treoir Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta. Ní mór don fhoireann bainistíochta sinsearaí an treoir straitéiseach leathan atá leagtha amach ag an Rialálaí a leanúint. Caithfear an Rialálaí a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag an bhfoireann bainistíochta sinsearaí ar na príomh-imeachtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar riosca suntasach ar bith is dócha tarlú.

## Freagrachtaí Rialtóra

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Rialálaí san Acht. Ceanglaítear in Alt 22 den Acht ar an Rialálaí chun gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go ndéanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóireacht orthu.

Agus na ráitis airgeadais sin a ullmhú, ceanglaítear ar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta:

- beartais chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm i gcónaí;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh a ullmhú mura bhfuil sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ag feidhmiú; agus
- cé acu a leanadh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a chur in iúl, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Rialálaí freagrach as taifid chuntasaíochta sásúla a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon am amháin, a staid airgeadais agus cuireann sé ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22 den Acht. Tá an Rialálaí freagrach as ráitis airgeadais den sórt sin a chur isteach leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchóireacht a dhéanamh orthu agus leis na ráiteas airgeadais sin agus tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste leis an Aire a chur i láthair, in éineacht le tuarascáil ón Rialálaí maidir le comhlíonadh a feidhmeanna.

Tá an Rialálaí freagrach as eolas corparáideach agus airgeadais a choimeád ar shuíomh gréasáin Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.

Tá an Rialálaí freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad a fhaomhadh.

Tá an Rialálaí freagrach, chomh maith, as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

# Ráiteas Rialachais Agus Ráiteas Na gCúraimí

Measann an Rialálaí go dtugtar i ráitis airgeadais Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta an 31 Nollaig 2021.

Bhunaigh an Rialálaí an dá choiste seo a leanas:

1. **Coiste Airgeadais**: ina bhfuil an Leas-Rialálaí/Ceann Iniúchóireachta agus Airgeadais, an Cuntasóir agus an Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha ar a bhfreastalaíonn sainchomhairleoir seachtrach agus a bhfuil ceart freastail ag an Rialálaí. Is é ról an Choiste Airgeadais chun comhairle a thabhairt don bhainistíocht shinsearach ar chúrsaí a bhaineann le hairgeadas, cuntasaíocht, tuairisceáin airgeadais tríú páirtí agus déileálacha na hOifige le hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Airgeadais sa bhliain 2021.
2. **An Coiste Riosca**: tá an fhoireann bainistíochta sinsearaí ar an gCoiste seo (seisear comhaltaí). Is é ról an Choiste Riosca chun tacú leis an Rialálaí maidir lena freagrachtaí as saincheisteanna riosca agus rialaithe. Bhí trí chruinniú ag an gCoiste Riosca sa bhliain 2021.

## Nochtadh a cheanglaítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Rialálaí freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), amhail a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear sa Chód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh.

### Sochair Fostaithe Comhiomlána

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sochair ghearrthéarmacha na foirne | 663,431 | 652,132 |
| Sochair dífhostaíochta | - | - |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostóra | 138,843 | 134,143 |
| Ranníocaíocht fostóra le leas sóisialta | 69,811 | 67,510 |
| | **872,085** | **853,785** |

Ba é líon iomlán na foirne a bhí fostaithe (WTE) ag deireadh bliana ná 9 (2020: 9).

# Ráiteas Rialachais Agus Ráiteas Na gCúraimí

## Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

Tá sochair ghearrthéarmacha na foirne go léir i leith bunphá.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | **663,431** | **652,132** |

## Sochair Dífhostaíochta

Níor tháinig sochair dífhostaíochta ar bith chun cinn sa bhliain.

## Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déanfar socair ghearrthéarmacha breis agus €60,000 a rangú sna bandaí seo a leanas:

***Raon na Sochar Iomlán Fostaithe (seachas costais pinsin fostóra)***

| Ó | | Go | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| € | | € | 2021 | 2020 |
| 60,000 | - | 69,999 | - | - |
| 70,000 | - | 79,999 | - | - |
| 80,000 | - | 89,999 | 2 | 3 |
| 90,000 | - | 99,999 | 1 | - |
| 100,000 | - | 109,999 | 1 | 1 |
| 110,000 | - | 119,999 | 1 | 1 |

## Príomhphearsanra Bainistíochta

Is éard atá sa phríomhphearsanra bainistíochta in Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ná an Rialálaí agus cúigear bainisteoirí sinsearacha.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail | 542,011 | 524,719 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostóra | 118,652 | 113,902 |
| | **660,663** | **638,621** |

Comhalta de scéim pinsin Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta iad an príomhphearsanra bainistíochta agus ní sháraíonn a dteidlíochtaí ina leith sin téarmaí scéim pinsin eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

# Ráiteas Rialachais Agus Ráiteas Na gCúraimí

## Tuarastal agus Sochair an Rialálaí

Seo a leanas pacáiste luach saothair an Rialálaí don tréimhse airgeadais:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 118,432 | 115,209 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostóra | 35,647 | 34,563 |
| | **154,079** | **149,772** |

Comhalta de scéim pinsin Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta é an Rialálaí, agus ní sháraíonn a teidlíochtaí ina leith sin téarmaí scéim pinsin eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

## Costais Sainchomhairleoireachta

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seirbhísí dlí | 84,012 | 55,707 |
| Comhairle cánach agus airgeadais | 4,073 | 3,964 |
| TF agus Eile | 24,582 | 61,955 |
| | **112,667** | **121,626** |

Áirítear na costais thuasluaite mar chuid de na táillí gairmiúla sna ráitis airgeadais €154,220 (2020: €154,645). Baineann na suimeanna go léir a nochtar mar sheirbhísí dlí maidir le táillí dlí.

## Taisteal agus Cothú

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Intíre | **-** | **4** |

Íocadh náid (2020: Náid) den mhéid thuas maidir leis an Rialálaí. Íocadh costais eile €70 (2020: Náid) leis an Rialálaí.

# Ráiteas Rialachais Agus Ráiteas Na gCúraimí

### Caiteachais Fáilteachais

Íocadh suim €452 maidir le fáilteachas foirne (2020: Náid).

## Ráiteas um Chomhlíonadh

Chomhlíon Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, amhail a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016, seachas na cásanna seo a leanas:

- Sealbhóir oifige aonair atá i struchtúr Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta. Baineadh comhlíonadh na gcodanna siúd den Chód amach a dhéileálann le Boird, struchtúir Bhoird agus Cathaoirligh tríd an gCód Cleachtais chun Rialachas Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a leasú chun sealbhóir oifige aonair a aithint.
- Comhlíonadh riachtanais an Chomhaontaithe Maoirseachta agus an Chomhaontaithe Soláthair Feidhmíochta trí chomhaontú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar Chomhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh d'Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.



**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
21 Meitheamh 2022

# Ráiteas Ar Rialú Inmheánach

## Raon na bhFreagrachtaí

Glacaim le mo fhreagrachtaí le chinntiú go mhaireann córas rialú inmheánach éifeachtach agus go n-oibríonn sé i bpáirt le hOifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta. Tugtar sa fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialú Inmheánach

Dearbhaíodh an córas rialú inmheánach le riosca a bhainistiú go dtí leibhéal réasúnta, seachas fáil réidh leis. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta, ní iomlán a thabhairt go bhfuil na hacmhainní sábháilte, na hidirbheart ceadaithe agus taifeadta i gceart agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí agus go mbraitear in am tráthúil.

Tá an córas rialú inmheánach, atá i gcomhréir le treorú ón Roinn Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, tar éis a bheith i bhfeidhm in Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021, agus suas go dtí dáta faofa na ráitis airgeadais.

## Cumas Déileáil le Riosca

Bunaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 mar shealbhóir oifige aonair. Déantar an Oifig a bhunú gan Bhord faoi reacht.

Bhunaigh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta feidhm iniúchadh inmheánach a bhfuil acmhainní maithe aige agus a chuireann clár oibre ar fáil atá beartaithe liomsa.

Tá polasaí bainistíocht riosca forbartha ag Oifig an Rialtóra a leagann amach dúil an riosca, na próisis bainistíochta atá i bhfeidhm, agus na róil agus freagrachtaí foirne a bhaineann le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann go léir a bhfuil súil acu oibriú laistigh de bheartais bainistíochta riosca Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá limistéar féin oibre.

## Creatlach Riosca agus Smacht

Chuir Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Rialálaí athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár faoi thrí in aghaidh na bliana. Úsáidtear toradh na measúnaithe seo chun foinsí a phleanáil agus a dháileadh chun cinnte a dhéanamh go ndéantar bainistíocht ar rioscaí ar leibhéal inghlactha.

# Ráiteas Ar Rialú Inmheánach

Leagan an clár riosca amach na smachta agus gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí agus freagrachtaí a maolú le haghaidh oibríocht na smachta atá leagtha ar foireann áirithe. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht smachta i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas ann:

- tá taifead déanta de na nósanna smachta ar fad do na próisis ghnó lárnacha ar fad,
- tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith curtha ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht lena bhaineann ann,
- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach,
- tá córais dírithe ar shábháilteacht an eolais agus córais teagmhála teicneolaíochta, agus
- tá córais i bhfeidhm na hacmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú ar Lean

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta ar lean seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a thugann feidhmíocht le fios i leith an bhuiséid/na dtuartha.

## Rialtáin agus Srianta Covid-19

Mar thoradh de shrianta taistil an rialtais a cuireadh i bhfeidhm chun dul i ngleic le Covid-19, ó Márta 2020 tá sé riachtanach dul in oiriúint le modh oibre ó Oifig an Rialtóra do Chiste an Chrannchur Náisiúnta. De bharr sin, tá athrú mór tagtha ó chóras bunaithe go hiomlán in oifig , le taifid páipéir, go dtí córas oibre beagnach iomlán cianda, le taifid déanta i gcóipeanna bhoige. Leanann an Rialtóir ar aghaidh go gníomhach ag déanamh monatóireacht ar rialtáin i gcomhthéacs athraithe i bpátrúin oibre atá mar thoradh de na srianta Covid-19 a laghdú, san áireamh ann tá tabhairt isteach socruithe oibre hibrideacha, san áit a bhfuil cuí.

Thug Oifig an Rialtóra don Chrannchur Náisiúnta aghaidh ar an timpeallacht rialaithe le cinntiú go bhfuil sé in oiriúint do na socruithe oibre athraithe. É seo chomh maith le monatóireacht rialta ar lean agus athbhreithniú ar rialtáin. Tá sé seo bainte amach trí bhainistíocht gníomhach ar an dtimpealleacht rialaithe, san áireamh ann:

- Bainistíocht oibríochtúil - tá gach rialtáin ábhartha measta agus uasdátaithe ag an Rialtóir i gcomhar leis an bhfoireann bainistíochta, i mbealach tráthúil, mar a theastaíonn;
- Fadhbanna oibríochtúla - tá an Rialtóir tar éis monatóireacht a dhéanamh ar na rialtáin le cinntiú go bhfuil údarú cuí i bhfeidhm, go dtarlaíonn athbhreithnithe agus deimhniúcháin i mbealach tráthúil, agus go gcoinneofar deighilt na ndualgais cuí;
- Coiste Airgeadais - tá an choiste airgeadais tar éis monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na rialtáin le tagairt áirithe déanta do na socruithe oibre cianda nua;
- Coiste Riosca - tá an Coiste Riosca tar éis smaoineamh air agus nuair is gá, an clár rioscaí a uasdátú lena chinntiú go dtéann sé i ngleic le rioscaí a bhaineann le socruithe oibre cianda;

# Ráiteas Ar Rialú Inmheánach

- Iniúchadh Inmheánach - Tá measúnú áirithe déanta ag an Iniúchadh Inmheánach ar éifeacht na rialtáin sa timpeallacht oibre cianda;
- Córais TF - tá monatóireacht déanta ag an Rialtóir, i gcomhar le speisialtóirí TF seachfhoinsithe ar éifeacht na rialtáin, go háirithe i gcomhthéacs le rochtain agus slándáil;
- Cumarsáid Inmheánacha - trí roinnt cruinniú cianda rialta le gach ball foirne, tá an Rialtóir tar éis a dheimhniú go bhfuil ard agus fócas ar timpeallacht rialaithe láidir a chothú;
- Rialtáin fisiciúla - tá an Rialtóir tar éis rialtáin fisiciúla cuí a thabhairt isteach le cinntiú go bhfuil leanúnachas i seachadadh feidhmeanna na hOifige agus i dtimpeallacht oibre slán a chuir ar fáil do gach bhall foirne;
- Seachadadh na haschuir - tá monatóireacht déanta ag an Rialtóir ar sheachadadh aschuir trasna na hoifige le cinntiú go bhfuil feidhmeanna an Rialtóra á bhaint amach;
- Caimiléireacht - tá an riosca a bhaineann le caimiléireacht tomhaiste ag an Rialtóir agus tá sé tar éis cinnte a dhéanamh go bhfuil rialtáin cuí i bhfeidhm le rioscaí mar sin a maolú; agus
- Maoirseacht ar lean - leanann an Rialtóir ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar athruithe féideartha ar shocruithe oibre agus na himpleachtaí a bheadh ag athraithe mar sin ar na rialtáin riachtanacha.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta le comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú agus gur chomhlíonadh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta na nósanna imeachta siúd le linn 2021.

## Athbhreithniú ar Éifeacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeacht chóras rialú inmheánach Oifig an Rialtóra de chuid an Chrannchur Náisiúnta ar an eolas mar gheall ar obair na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bainistíocht sinsearach freagrach as forbairt agus caomhnú an creatlach rialtáin inmheánach laistigh d'oifig Rialtóra an Chrannchur Náisiúnta.

Dearbhaím gur comhlíonadh an t-athbhreithniú bhliantúil ar éifeacht an chóras rialú inmheánach i gcomhréir le 2021 agus críochnaithe faoi 31ú Márta 2022.

## Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i gcomhréir le 2021 a theastaíonn nochtadh iomlán uathu sna ráitis airgeadais.

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
21 Meitheamh 2022

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2021 mar atá de dhíth faoi fhorálacha ailt 22 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgeadais, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar an 31 Nollaig 2021 agus a ioncam agus chaiteachas le haghaidh 2021 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

### *Béim ar ábhar - dliteanais phinsin*

Gan mo thuairim ar na ráitis airgeadais a cháiliú, tarraingím aird ar Nóta 10 soláthar pinsin, agus ar aitheantas, amhail an 31 Nollaig 2021, as sócmhainne €531,000 i leith cistiú pinsin iarchurtha.

Is comhaltaí de dhá scéim pinsin iad baill foirne an Rialálaí: an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair le haghaidh baill foirne a earcaíodh iad ó 1 Eanáir 2013; nó scéim riaracháin a léiríonn coinníollacha caighdeánacha na scéime ‘eiseamláireach’ íoctar mar a úsáidtear a soláthraíodh dó i neart comhlachtaí poiblí. Cuireadh isteach an scéim ‘eiseamláireach’ pinsin faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le faomhadh sa bhliain 2015.

Aithníonn na ráitis airgeadais dliteanais atá measta ag €531,000 i leith iar-sheirbhís ag baill foirne atá mar chomhaltaí den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair. Léiríonn sócmhainn cistithe pinsin iarchurtha de shuim mheaitseála a aithint an soláthar reachtúil maidir le cistiú na scéime sin.

Níor aithníodh dliteanais a fabhraíodh go dtí an 31 Nollaig 2021 i leith seirbhís foirne faoin scéim ‘eiseamláireach’ pinsin sna ráitis airgeadais a rinneadh iniúchóireacht orthu, ar feitheamh faomhadh na scéime. Nochtann na ráitis airgeadais a rinneadh iniúchóireacht orthu na dliteanais faoin scéim seo ar mhodh nóta amháin.

## Tuarascáil ar an C&AG (ar lean)

### *Bunús na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus chomhlíon mé mo chúraimí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

### Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Tá eolas áirithe eile curtha i láthair ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta chomh maith leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear inti an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas ar rialú inmheánach agus an ráiteas rialachais agus ráiteas na gcúraimí. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.



**Paul Southern**
**Ar son agus thar ceann**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**24 Meitheamh 2022**

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Cúraimí Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta (an Rialálaí)

Mar atá sonraítear sa ráiteas rialachais agus ráiteas na gcúraimí, tá an rialálaí freagracht as

- ullmhúchán ráiteas airgeadais bliantúil san fhoirm a ordaíodh faoi Alt 22 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach dá leithéid a dhearbhaíonn an Rialálaí go bhfuil gá leis a chur i bhfeidhm chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuairiscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 22 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 iniúchóireacht a dhéanamh ar ráitis airgeadais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus tuairisc a thabhairt ina thaobh do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuairiscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míthuairiscí ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míthuairiscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuairisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta lena mbaineann.
- Cinnim ar oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar thaithí na hiniúchóireachta a fuarthas, má tá neamhchinnteacht ábhartha ann.
- a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantaigh. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo deireadh a chur le Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta bheith ag leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantaigh.

  Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithním le linn m'iniúchta.

Déanaim tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim d'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuairiscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuairisc ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

### *Tuairisciú ar chúrsaí eile*

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má thagaim ar chúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# Ráiteas Ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

| | Notaí | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2021 | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2020 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ioncam | 3 | 1,517,621 | 1,521,900 |
| Costais riaracháin | 5 | (1,292,406) | (1,263,988) |
| **Barrachas oibriúcháin** | | 225,215 | 257,912 |
| Ús (iníoctha) / infhaighte | 4 | (4,433) | (89) |
| **Barrachas don bhliain** | | **220,782** | **257,823** |
| **Tuilleamh coimeádta ag tús na bliana** | | **2,843,394** | **2,585,571** |
| **Tuilleamh coimeádta ag deireadh na bliana** | | **3,064,176** | **2,843,394** |

*Tá nótaí 1 go 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.*

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
21 Meitheamh 2022

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

| | Notaí | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2021 | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2020 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Barrachas don bhliain** | | **220,782** | **257,823** |
| (Caillteanais) / gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | 10(b) | 16,000 | (37,000) |
| Athruithe ar thoimhdí faoi luach reatha oibleagáidí sochair scoir | | (2,000) | 54,000 |
| **Gnóthachan / (caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain** | | 14,000 | 17,000 |
| Coigeartú ar chistiú iarchurtha sochair scoir | | (14,000) | (17,000) |
| **Ioncam cuimsitheach don bhliain** | | **220,782** | **257,823** |

*Tá nótaí 1 go 13 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.*



**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
21 Meitheamh 2022

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

## amhail ar an 31 Nollaig 2021

| | Notaí | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 7 | 35,856 | 49,835 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | 8 | 121,905 | 130,549 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 3,059,289 | 2,891,601 |
| | | 3,181,194 | 3,022,150 |
| **Creidiúnaithe (suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 9 | (152,874) | (228,591) |
| **Glansócmhainní reatha** | | 3,028,320 | 2,793,559 |
| **Sochair scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 10(b) | (531,000) | (401,000) |
| Sócmhainn chistithe iarchurtha sochair scoir | 10(c) | 531,000 | 401,000 |
| **Glansócmhainní** | | **3,064,176** | **2,843,394** |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| Tuilleamh carntha coimeádta | 11 | **3,064,176** | **2,843,394** |

*Tá nótaí 1 go 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.*

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
21 Meitheamh 2022

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

| | Notaí | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2021 € | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2020 € |
|---|---|---|---|
| **Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas oibriúcháin don bhliain | | 225,215 | 257,912 |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | 297 | - |
| Dímheas | 7 | 18,482 | 17,461 |
| (Méadú) / Laghdú ar fhéichiúnaithe | | 8,644 | (5,426) |
| Méadú / (Laghdú) ar chreidiúnaithe | | (75,717) | (274,453) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 176,921 | (4,506) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil | 7 | (4,800) | (15,971) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús a (íocadh) / fuarthas | 4 | (4,433) | (89) |
| **Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | **167,688** | **(20,566)** |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana airgeadais** | | **2,891,601** | **2,912,167** |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana airgeadais** | | **3,059,289** | **2,891,601** |

*Tá nótaí 1 go 13 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.*



**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
21 Meitheamh 2022

# Notaí
## (mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo)
### don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2021

## 1 Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos na beartais shuntasacha chuntasaíochta lenar ghlac Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i gcaitheamh na bliana agus na tréimhse roimhe sin.

### (a) Ráiteas um Chomhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhlíonadh an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102, an chaighdeáin um thuairisciú airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann ("FRS 102") a eisíodh ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

### (b) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar an mbonn fabhruithe i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leis agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

### (c) Ioncam ó Thobhaigh

Is ionann ioncam ó thobhaigh agus an tsuim atá le fáil faoin gceadúnas ag an Rialálaí ó oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta maidir leis an mbliain.

### (d) Caiteachas a Aithint

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi mar a thaibhítear é.

### (e) Maoin, gléasra agus trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas, a ghearrtar ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, chun costas sócmhainní a dhíscríobh i gcaitheamh a saoil mheasta úsáide, faoin modh líne dírí, ar an ráta bliantúil 25% le haghaidh feabhsúcháin léasachta, 33⅓% le haghaidh trealamh ríomhaire agus córas gutháin, agus 20% do gach sócmhainn eile ó dháta na fála ar aghaidh.

### (f) Airgeadraí Eachtracha

Cuirtear na Ráitis Airgeadais i láthair in Euro (€).

Déantar idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha a iompú ina euro i rith na bliana agus cuimsítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

Déantar sócmhainní airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha a iompú ina euro ar na rátaí malairte a bhíonn i gceist ag dáta an chláir chomhordaithe agus cuimsítear na gnóthachain agus na caillteanais iarmhartacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

# Notaí
## (mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo)
### don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2021

## 1 | Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### (g) Sochair Fostaithe

**Sochair Ghearrthéarmacha**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós pá saoire, mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana le figiúirí na gCreidiúnaithe agus na bhfabhruithe sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

**Sochair scoir**

Foráiltear san Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 gur féidir leis an Rialálaí, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, coinníollacha seirbhíse na foirne a dheimhniú.

Tá socruithe pinsin á mbunú ag an Rialálaí faoi láthair maidir le gach fostaí i gcomhar leis an Roinn agus tá na hasbhaintí riachtanacha á ndéanamh aici ó thuarastail, atá á n-aistriú ó dheireadh na bliana chuig an Státchiste i riaráistí míosúla, faoi mar a comhaontaíodh leis an Roinn.

Tá soláthar á dhéanamh ar an Rialálaí do ranníocaíochtaí fostóra ar ráta 30% i dtaobh na Scéime Neamh-Aonair (ranníocaíocht neamhphearsanta phinsin), 25% don Scéim Neamh-Aonair (ranníocaíocht phearsanta phinsin) agus ar ráta trí huaire na ranníocaíochtaí fostaí do bhaill den Scéim Aonair.

Mar údarás ábhartha a forordaíodh, déantar foráil, chun críocha an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, do na dliteanais phinsin maidir le baill na Scéime Aonair, sa mhullach ar shócmhainn chomhionann a aithint chun dliteanas ó fhoinsí Státchiste a chistiú.

Faoi réir na socruithe a thabhairt chun críche leis an Roinn, cuireann an Rialálaí ranníocaíochtaí fostóra i gcuntas mar chostais maidir le baill den Scéim Neamh-Aonair agus ní aithníonn sé dliteanas do chostais phinsin amach anseo le haghaidh ball den Scéim Neamh-Aonair. Cuirtear nochtadh an dliteanais achtúirigh le haghaidh ball den Scéim Neamh-Aonair san áireamh i nóta 10.

### (h) Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla

Is gá bainistíocht a dhéanamh ar ullmhú na ráiteas airgeadais chun breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ag dáta an ráitis ar an staid airgeadais agus na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh ioncam agus costas le linn na bliana. Mar gheall ar chineál an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin siúd. D'imir na breithiúnais seo a leanas an tionchar ba shuntasaí ar shuimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

Rinne an Rialálaí athbhreithniú ar shaolréanna ionchais agus ar luachanna gaolmhara iarmharacha gach aicme shócmhainne seasta agus baineadh an tátal as go bhfuil na saolréanna ionchais agus na luachanna iarmharacha cuí.

# Notaí
## (mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo)
### don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2021

## 1 | Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

**Sochair scoir**

Faoi réir chinneadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rinne an Rialálaí an cinneadh gan dliteanais phinsin a aithint maidir le baill den Scéim Neamh-Aonair. Má fhaightear deimhniú foirmeálta i dtaobh chistiú na ndliteanas siúd nach mbaineann leis an Scéim Aonair ó fhoinsí Státchiste, cuirfidh an Rialálaí an dliteanas, agus sócmhainn chomhionann san áireamh le haghaidh dhliteanais phinsin na Scéime Neamh-Aonair.

Sainaithnítear dliteanais phinsin na scéime aonair sna ráitis airgeadais agus úsáideann luacháil achtúireach na ndliteanas sin, a cuireadh i gcrích ag achtúire cáilithe, toimhde airgeadais, mar atá leagtha am,ach i nóta 10.

## 2 | Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a Bhunú

Bunaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, atá suite ag Bloc D, Ionad Irish Life, Baile Átha Cliath 1, faoi Alt 7 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 agus tugtar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar shealbhóir na hOifige. Cuimsítear sonraí maidir le hoibríochtaí an Rialálaí agus a phríomhghníomhaíochtaí i dTuarascáil an Rialálaí in Alt 1.

## 3 | Ioncam

Déantar foráil in Alt 24 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 go n-íocann Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta tobhach bliantúil leis an Rialálaí. Is é méid an tobhaigh, faoi mar a shonraítear sa cheadúnas leis an oibreoir, €1,500,000 sa bhliain, faoi réir innéacsú leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí. Don bhliain 2021, chuir an t-oibreoir an meán-Phraghasinnéacs Tomhaltóirí -0.3% i bhfeidhm do na 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2020, faoi mar a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an 14 Eanáir 2021.

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ioncam ó thobhach, don bhliain | 1,517,621 | 1,521,900 |

## 4 | Costais Úis

Áirítear le hús iníoctha €4,433 (2020: €89) táillí úis diúltacha €4,407 (2020: náid). Tagann táillí úis diúltacha chun cinn mar thoradh ar chistí a bhíonn coinnithe i dtaisce.

# Notaí
## (mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo)
### don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2021

## 5 | Costais Riaracháin

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail agus costais foirne | 872,085 | 853,785 |
| Táillí gairmiúla (Nóta 6) | 154,220 | 154,645 |
| Iniúchóireacht Sheachtrach* | 17,200 | 15,600 |
| Iniúchóireacht inmheánach | 23,309 | 20,691 |
| Cíos, táillí seirbhíse agus cothabháil | 118,461 | 116,524 |
| Glanadh, téamh agus solas | 2,450 | 3,264 |
| Árachas | 22,662 | 21,892 |
| Taisteal agus cothú | 452 | 4 |
| Costais oiliúna agus ballraíocht | 16,171 | 8,494 |
| Soláthairtí agus trealamh oifige | 3,256 | 4,828 |
| Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | 30,910 | 37,649 |
| Foilseacháin | 10,738 | 5,066 |
| Dímheas | 18,482 | 17,461 |
| Costais riaracháin eile | 2,010 | 4,085 |
| | **1,292,406** | **1,263,988** |

* Áirítear le hiniúchóireacht sheachtrach suim €6,900 (2020: €6,250) le haghaidh táillí iniúchta maidir le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta.

## 6 | Táillí Gairmiúla

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seirbhísí dlí | 84,012 | 55,707 |
| Comhairle cánach agus airgeadais | 4,073 | 3,964 |
| Caidreamh poiblí/margaíocht | 30,661 | 27,310 |
| Pinsin agus acmhainní daonna | 8,191 | 3,909 |
| TF agus Eile | 27,283 | 63,755 |
| | **154,220** | **154,645** |

# Notaí
## (mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo)
## don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2021

## 7 | Maoin, gléasra agus trealamh

| | Feabhsúcháin Léasachta | Trealamh Ríomhaire | Daingneáin, Troscán & Trealamh Oifig | Córas Gutháin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2020 | 48,839 | 43,689 | 6,856 | 4,182 | 103,566 |
| Breisiúcháin le linn na bliana | - | 2,920 | 1,880 | - | 4,800 |
| Diúscairtí le linn na bliana | - | (7,391) | - | - | (7,391) |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | 48,839 | 39,218 | 8,736 | 4,182 | 100,975 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2020 | 12,881 | 30,261 | 6,407 | 4,182 | 53,731 |
| Muirear don bhliain | 12,210 | 6,017 | 255 | - | 18,482 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | - | (7,094) | - | - | (7,094) |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | 25,091 | 29,184 | 6,662 | 4,182 | 65,119 |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | 23,748 | 10,034 | 2,074 | - | 35,856 |
| Aamhail an 31 Nollaig 2020 | 35,958 | 13,428 | 449 | - | 49,835 |

Tá feabhsúcháin léasachta €48,839 a rinneadh a chaipitliú sa bhliain 2019 á ndímheas thar cheithre bliana, arb é sin an tréimhse atá fós le héag faoin léas réadmhaoine go dtí Samhain 2023.

## 8 | Féichiúnaithe

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam fabhraithe | 83,261 | 79,193 |
| Réamhíocaíochtaí | 38,644 | 51,356 |
| | **121,905** | **130,549** |

# Notaí

## (mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo)

### don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2021

## 9 Creidiúnaithe (suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe trádála | 115,746 | 188,084 |
| Ranníocaíochtaí pinsin (Nóa 10) | 13,001 | 12,632 |
| ÍMAT/ÁSPC | 20,122 | 20,084 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise | 1,935 | 1,859 |
| Dliteanas PSWT | 2,013 | 5,787 |
| Dliteanas CBL | 57 | 145 |
| | **152,874** | **228,591** |

## 10 Soláthar pinsin

Cuireadh dréachtscéim pinsin le sochar sainithe d'Oifig an Rialálaí, bunaithe ar an Scéim Eiseamláireach Seirbhíse Poiblí, faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena faomhadh an 24ú Samhain 2015 agus tá sé ag feitheamh le faomhadh.

Aistrítear na ranníocaíochtaí sa bhliain, ranníocaíochtaí fostóra 30% de phá inphinsin le haghaidh ball den Scéim Neamh-Aonair (ranníocaíocht neamhphearsanta phinsin), 25% de phá inphinsin le haghaidh ball den Scéim Neamh-Aonair (ranníocaíocht phearsanta phinsin), agus ar ráta trí huaire na ranníocaíochtaí fostaí do bhaill den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 (i.e. baill den Scéim Aonair), chuig an Státchiste i riaráistí míosa, faoi mar a comhaontaíodh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is é méid na ranníocaíochtaí atá le haistriú chuig an Státchiste an 31 Nollaig 2021 €13,001.

### Baill den Scéim Neamh-Aonair

Maidir le baill den Scéim Neamh-Aonair, mhol an Rialálaí don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur cheart go nglacfadh an Stát leis an dliteanas i dtaobh sochair scoir a íocadh faoin Scéim Neamh-Aonair mar chúiteamh ar ranníocaíochtaí fostóra agus fostaí a íoc bunaithe ar chéatadán de thuarastail bhaill na scéimeanna. Tá an moladh bunaithe ar an bprionsabal go n-ainmnítear Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta mar eagraíocht fhaofa chun críocha Alt 4 den Acht Aoisliúntas agus Pinsean, 1963 (Uimh. 24 de 1963), (i.e. an líonra aistrithe) agus nach gcistítear an Oifig chun glacadh le sochair charntha bhall den Scéim Neamh-Aonair, agus nach bhfuil cistiú an Státchiste á fháil aici. Tá plé á dhéanamh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus táthar ag leanúint leis sin maidir leis an moladh thuasluaite.

# Notaí

## (mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo)

### don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2021

## 10 | Soláthar pinsin (ar lean)

Ar feitheamh go ndéanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cinneadh maidir leis na sochar scoir cistithe pinsin a bheartaítear, is éard atá sna costais sochair scoir sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra sa bhliain. Ríomhtar ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra mar chéatadán de thuarastail ábhartha, agus méid €85,927 don bhliain.

Is é an dliteanas pinsin maidir leis na baill den Scéim Neamh-Aonair an 31 Nollaig 2021 €3,200,000. Ní léirítear an dliteanas pinsin do na baill seo den Scéim Neamh-Aonair sna ráitis airgeadais seo ar feitheamh chinneadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Baill den Scéim Aonair

Maidir le baill den Scéim Aonair, forordaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta mar údarás ábhartha chun críche na Scéime Aonair sa bhliain 2019. Aistrítear ranníocaíochtaí fostaí agus fostóra chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

### Toimhdí Achtúireacha

Tá an dliteanas le haghaidh ball den Scéim Neamh-Aonair, faoi mar a nochtar thuas, agus an dliteanas do bhaill na Scéime Aonair, faoi mar a bhforáiltear dó sna ráitis airgeadais, bunaithe ar luacháil achtúireach a rinne achtúire cáilithe trí úsáid a bhaint as na toimhdí airgeadais thíos ar mhaithe le FRS 102.

| | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2021 | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2020 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 1.30% | 0.80% |
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail | 3.50% | 3.00% |
| Ráta an mhéadaithe ar phinsean | 3.0% | 2.5% |
| Boilsciú | 2.0% | 1.5% |

# Notaí

## (mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo)

### don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2021

## 10 | Soláthar pinsin (ar lean)

### (a) Foireann na scéime aonair

Anailís ar na costais iomlána sochair scoir a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta maidir leis an bhfoireann ar baill iad den Scéim Aonair.

| Scéim Pinsin Aonair | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí Fostóra Iomlána | 52,111 | 49,752 |
| Costais Seirbhíse Reatha* | 83,000 | 75,000 |
| Costais Úis | 4,000 | 5,000 |
| Coigeartuithe ar Chistiú Pinsin Iarchurtha an Státchiste | (87,000) | (80,000) |
| An t-iomlán a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam & Caiteachas & Cúlchiste Ioncaim Coimeádta | 52,111 | 49,752 |

* Cuireadh ranníocaíochtaí fostaí san áireamh nuair a bhí an figiúr costais seirbhíse reatha á ríomh.

Rinne an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, bunaithe ar bhreithnithe achtúireacha agus de bhun alt 16(4) den Acht um Pinsean na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 an cinneadh:

- go n-íocfar ranníocaíocht fostóra i dtaca le baill áirithe de scéim Pinsin Aonair na hEarnála Poiblí, agus
- is ionann a bheidh ráta na ranníocaíochta Fostóra sin agus trí oiread na ranníocaíochta fostaí a íocann an ball den scéim aonair.

Caithfidh comhlachtaí seirbhíse poiblí ranníocaíochtaí fostóra a íoc atá “go hiomlán nó go príomha ó fhoinsí eile seachas go díreach nó go hindíreach as an Lár-Chiste”. Mar chomhlacht poiblí a sholáthraíonn a mhaoiniú féin, is ionann an tsuim €52,111 agus dliteanas Oifig an Rialálaí i dtaobh ranníocaíochtaí fostóra a íoc le scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí. Íoctar na suimeanna seo leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i riaráistí míosúla.

# Notaí
## (mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo)
## don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2021

## 10 | Soláthar pinsin (ar lean)

### (b) Gluaiseacht ar ghlanoibleagáidí sochair scoir na scéime aonair le linn na bliana airgeadais

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Glandliteanas Pinsin an 1 Eanáir | 401,000 | 287,000 |
| Costais Seirbhíse Reatha | 83,000 | 75,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaí | 29,000 | 17,000 |
| Costais Úis | 4,000 | 5,000 |
| Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime | 16,000 | (37,000) |
| Athruithe ar thoimhdí | (2,000) | 54,000 |
| Glandliteanas Pinsin an 31 Nollaig | 531,000 | 401,000 |

### (c) Cistiú Iarchurtha na Scéime Aonair do shochair scoir

Aithníonn Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe do shochair scoir ar bhonn na sraithe toimhdí a ndéantar cur síos orthu thuas, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú na scéime sochair scoir, forordú Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta mar údarás ábhartha chun críocha na Scéime Aonair agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán.

### (d) Oibleagáidí le Sochar Sainithe na Scéime Aonair

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Oibleagáidí le sochar sainithe | 531,000 | 401,000 |

# Notaí
## (mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo)
### don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2021

## 11 | Tuilleamh Carntha Coimeádta

| | 2021 |
|---|---|
| | € |
| Ag tús na bliana | 2,843,394 |
| Barrachas don bhliain | 220,782 |
| Tuilleamh coimeádta ag deireadh na bliana | 3,064,176 |

## 12 | Ceangaltais Chaipitil

Níorbh ann d'aon cheangaltais do chaiteachas caipitiúil an 31 Nollaig 2021.

## 13 | Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta na ráitis airgeadais an 21 Meitheamh 2022.

3

# Ciste an Chrannchuir Náisiúnta **Tuairisc agus Ráitis Airgeadais**

## don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2021


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Ráiteas na gCúraimí | 63 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 64 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 68 |
| Cuntas na n-Adhmhálacha agus Íocaíochtaí/Cuntas Taisce | 70 |
| Sonraí do na Ráitis Airgeadais | 71 |

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Ráiteas Rialachais Agus Ráiteas Na gCúraimí

### Rialachas

Bunaíodh Ciste an Chrannchur Náisiúnta faoi roinn 8 d'Acht um Chrannchur Náisiúnta 1986 agus leanann sé ar aghaidh i gcomhréir le roinn 44 d'Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013. Tá cuntas bainc amháin sa Chiste, atá lonnaithe ag Banc Ceannais na hÉireann. Níl aon fostaithe nó stiúrthóirí ag an gCiste.

### Freagrachtaí Rialtóra

Leagtar amach freagrachtaí an Rialála in ómós na Ciste in Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Faoi roinn 44 an achta um Chrannchur Náisiúnta, 2013, tá an ciste faoi bhainistiú agus faoi smacht an Rialála. Chomh maith le sin, teastaíonn ón Rialtóir cuntais an Chiste a chuir isteach go bliantúil don tArdreachtaire agus Iniúchóir Ginearálta le hiniúchadh agus le haghaidh cóip na gcuntais a iniúchadh le chéile le cóip an tuairisce ón tArdreachtaire agus Iniúchóir Ginearálta mar sin a bheith leagtha amach os comhair gach Teach den tOireachtas.



**Carol Boate**
Rialtóir don Chrannchuir Náisiúnta
21 Meitheamh 2022

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Raon na bhFreagrachtaí

Glacaim le mo fhreagrachtaí le chinntiú go mhaireann córas rialú inmheánach éifeachtach agus go n-oibríonn sé i bpáirt le Ciste an Chrannchur Náisiúnta. Glacann an freagracht seo le riachtanais Cód an Chleachtadh le Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit (2016), mar a bhaineann sé le Oifig an Rialála agus Ciste an Chrannchur Náisiúnta.

### Cuspóir an Chórais Rialú Inmheánach

Dearbhaíodh an córas rialú inmheánach le riosca a bhainistiú go dtí leibhéal réasúnta, seachas fáil réidh leis. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta, ní iomlán a thabhairt go bhfuil na hacmhainní sábháilte, na hidirbheart ceadaithe agus taifeadta i gceart agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí agus go mbraitear in am tráthúil.

Tá an córas rialú inmheánach, atá i gcomhréir le treorú ón Roinn Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, tar éis a bheith i bhfeidhm do Chiste an Chrannchur Náisiúnta don bhliain a chríochnaíonn 31ú Nollag 2021, agus suas go dtí dáta dearbhaithe na ráitis airgeadais.

### Cumas Déileáil le Riosca

Bunaíodh Ciste an Chrannchur Náisiúnta faoi Roinn 8 d'Acht um Chrannchur Náisiúnta 1986, agus tá sé bainistithe agus faoi smacht an Rialtóra.

Tá feidhm iniúchadh inmheánach atá foinsithe go maith agus a chuireann clár oibre ar fáil beartaithe liomsa, i dtaca le Ciste an Chrannchur Náisiúnta.

Tá polasaí bainistíocht riosca forbartha ag Oifig an Rialtóra a leagann amach dúil an riosca, na próisis bainistíochta atá i bhfeidhm, agus na róil agus freagrachtaí foirne a bhaineann le riosca. Eisíodh an polasaí do gach bhall foirne, atá le n-oibriú laistigh de pholasaithe bainistíochta riosca de chuid Rialtóir an Chrannchur Náisiúnta, chun bainistíocht a chuir ar an eolas faoi rioscaí ag teacht amach, agus laigí a smachtú agus chun freagracht a ghlacadh ar rioscaí agus smachta laistigh dá gceantar oibre féin.

### Creatlach Riosca agus Smacht

Tá córas bainistíocht riosca curtha i bhfeidhm ag Oifig an Rialtóra don Chrannchur Náisiúnta i dtaca le Ciste an Chrannchur Náisiúnta a aithníonn agus a dhéanann tuairisc ar rioscaí lárnacha agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá ag tarlú chun déileáil agus chun, chomh maith is gur féidir, iad sin a maolú.

Clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na rioscaí lárnacha atá os comhair Ciste an Chrannchur Náisiúnta agus tá siad seo tar éis a bheith aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhacht. Tá an clár athbhreithnithe agus uasdátaithe trí huaire in aghaidh na bliana. Úsáidtear toradh na measúnaithe seo chun foinsí a phleanáil agus a dháileadh chun cinnte a dhéanamh go ndéantar bainistíocht ar rioscaí ar leibhéal inghlactha.

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Leagan an clár riosca amach na smachta agus gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí agus freagrachtaí a maolú le haghaidh oibríocht na smachta atá leagtha ar foireann áirithe. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht smachta i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas ann:

- tá taifead déanta de na nósanna smachta ar fad do na próisis ghnó lárnacha ar fad,
- tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith curtha ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht lena bhaineann ann,
- tá córais dírithe ar shábháilteacht an eolais agus córais teagmhála teicneolaíochta, agus
- tá córais i bhfeidhm na hacmhainní a chosaint.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú ar Lean

Tá nósanna imeachta foirmiúil bunaithe in Oifig an Rialtóra den Chrannchur Náisiúnta le monatóireacht ar phróisis a mheas, agus déantar laigí smachta a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a thógáil i mbealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta ar lean seo a leanas i bhfeidhm:

- Struchtúr eagraíochta le nósanna imeachta agus tuairisciú soiléir;
- teoirainneacha údaraithe, dualgais a dheighilt agus údaráis roinnte chun ceadú agus próiseáil a dhéanamh ar idirbhearta Chiste an Chrannchur Náisiúnta;
- Córas le taifead agus athmhuintearas na hidirbhearta ar fad a chur ar fáil agus rian iniúchadh iomlán d'idirbhearta phróiseáilte a chur ar fáil;
- próisis le rioscaí ghnó a aithint agus a mheas trí:
  - cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a aithint atá os comhair Chiste an Chrannchur Náisiúnta, san áireamh leis an méid agus na catagóirí a mheasaim mar inghlactha
  - dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta
  - cumas na hoifige chun bainistíocht agus maolú ar na rioscaí a tharlaíonn a mheas;
- monatóireacht seachtainiúil agus athmhuintearas na méid atá phróiseáilte i gCiste an Chrannchur Náisiúnta;
- sraith polasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le smacht oibríochtúil agus airgeadais;
- san áireamh sna nósanna imeachta le monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht na gcórais rialú inmheánacha, tá obair an iniúchadh inmheánach agus athbhreithnithe bainistíochta.

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Rialtáin agus Srianta Covid-19

Mar thoradh de shrianta taistil an rialtais a cuireadh i bhfeidhm chun dul i ngleic le Covid-19, ó Márta 2020 tá sé riachtanach dul in oiriúint le modh oibre ó Oifig an Rialtóra do Chiste an Chrannchur Náisiúnta. De bharr sin, tá athrú mór tagtha ó chóras bunaithe in oifig go hiomlán, le taifid páipéir, go dtí córas oibre beagnach iomlán cianda, le taifid déanta i gcóipeanna bhoige.

Thug Oifig an Rialtóra don Chrannchur Náisiúnta aghaidh ar an timpeallacht rialaithe le cinntiú go bhfuil sé in oiriúint do na socruithe oibre athraithe. É seo chomh maith le monatóireacht rialta ar lean agus athbhreithniú ar rialtáin. Leanann an Rialtóir ar aghaidh go gníomhach ag déanamh monatóireacht ar rialtáin i gcomhthéacs athraithe i bpátrúin oibre atá mar thoradh de na srianta Covid-19 a laghdú, san áireamh ann tá tabhairt isteach socruithe oibre hibrideacha, san áit a bhfuil cuí.

Tá sé seo bainte amach trí bhainistíocht gníomhach ar an dtimpealleacht rialaithe, san áireamh ann:

- Bainistíocht oibríochtúil - tá gach rialtáin ábhartha measta agus uasdátaithe ag an Rialtóir i gcomhar leis an bhfoireann bainistíochta, i mbealach tráthúil, mar a theastaíonn;
- Fadhbanna oibríochtúla - tá an Rialtóir tar éis monatóireacht a dhéanamh ar na rialtáin le cinntiú go bhfuil údarú cuí i bhfeidhm, go dtarlaíonn athbhreithnithe agus deimhniúcháin i mbealach tráthúil, agus go gcoinneofar deighilt na ndualgais cuí;
- Coiste Airgeadais - tá an choiste airgeadais tar éis monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na rialtáin le tagairt áirithe déanta do na socruithe oibre cianda nua;
- Coiste Riosca - tá an Coiste Riosca tar éis smaoineamh ar agus san áit ina theastaíonn sé, uasdatú a dhéanamh ar clár an riosca le cinnte a dhéanamh go dtógann sé le fios rioscaí a bhaineann le socruithe oibre cianda;
- Iniúchadh Inmheánach - Tá measúnú áirithe déanta ag an Iniúchadh Inmheánach ar éifeacht na rialtáin sa timpeallacht oibre cianda;
- Córais TF - tá monatóireacht déanta ag an Rialtóir, i gcomhar le speisialtóirí TF seachfhoinsithe ar éifeacht na rialtáin, go háirithe i gcomhthéacs le rochtain agus slándáil;
- Cumarsáid Inmheánacha - trí roinnt cruinniú cianda rialta le gach ball foirne, tá an Rialtóir tar éis a dheimhniú go bhfuil ard agus fócas ar timpeallacht rialaithe láidir a chothú;
- Rialtáin fisiciúla - tá an Rialtóir tar éis rialtáin fisiciúla cuí a thabhairt isteach le cinntiú go bhfuil leanúnachas i seachadadh feidhmeanna na hOifige agus i dtimpeallacht oibre slán a chuir ar fáil do gach bhall foirne;
- Seachadadh na haschuir - tá monatóireacht déanta ag an Rialtóir ar sheachadadh aschuir trasna na hoifige le cinntiú go bhfuil feidhmeanna an Rialtóra á bhaint amach;
- Caimiléireacht - tá an riosca a bhaineann le caimiléireacht tomhaiste ag an Rialtóir agus tá sé tar éis cinnte a dhéanamh go bhfuil rialtáin cuí i bhfeidhm le rioscaí mar sin a maolú; agus
- Maoirseacht ar lean - leanann an Rialtóir ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar athruithe féideartha ar shocruithe oibre agus na himpleachtaí a bheadh ag athraithe mar sin ar na rialtáin riachtanacha.

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Athbhreithniú ar Éifeacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Oifig an Rialtóra den Chrannchur Náisiúnta le monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an bainistíocht riosca agus nósanna rialtáin de chuid Ciste an Chrannchur Náisiúnta. Tá monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeacht chóras rialú inmheánach Oifig an Rialtóra de chuid an Chrannchur Náisiúnta ar an eolas mar gheall ar obair na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bainistíocht sinsearach freagrach as forbairt agus caomhnú an creatlach rialtáin inmheánach laistigh d'oifig Rialtóra an Chrannchur Náisiúnta.

Dearbhaím gur comhlíonadh an t-athbhreithniú bhliantúil ar éifeacht an chóras rialú inmheánach i gcomhréir le 2021 agus críochnaithe faoi 31ú Márta 2022.

### Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i gcomhréir le 2021 a theastaíonn nochtadh iomlán uathu sna ráitis airgeadais.



**Carol Boate**
Rialtóir don Chrannchuir Náisiúnta
21 Meitheamh 2022

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chiste an Chrannchuir Náisiúnta a ullmhaíodh ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2021 faoi alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013. Cuimsítear sna ráitis airgeadais an cuntas admhála agus íocaíochtaí, an cuntas cúlchiste agus nótaí bainteacha.

I mo thuairim, cuireann na ráitis airgeadais

- na híocaíochtaí isteach agus amach as Ciste an Chrannchuir Náisiúnta le haghaidh 2021 i láthair i gceart, agus
- iarmhéid an Chiste ar an 31 Nollaig 2021.

### Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus chomhlíon mé mo chúraimí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

### Tuarascáil ar ráiteas ar rialú inmheánach agus cúrsaí eile

Tá ráiteas curtha i láthair ag an Rialálaí ar rialú inmheánach chomh maith leis na ráitis airgeadais. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo chúraimí i ndáil leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

**Seamus McCarthy**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**23 Meitheamh 2022**

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Cúraimí Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta (an Rialálaí)

Leagann an ráiteas rialachais agus ráiteas na gcúraimí amach cúraimí an Rialálaí maidir leis na ráitis airgeadais. Is iad sin

- ullmhúchán ráiteas airgeadais bliantúil de réir mar is gá ag Alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013
- go bhfuil na ráitis airgeadais cúrsaí Chiste an Chrannchuir Náisiúnta ag deireadh bliana agus idirbheart i rith na bliana curtha i láthair i gceart
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- an rialú inmheánach dá leithéid a dhearbhaíonn an Rialálaí go bhfuil gá leis a chur i bhfeidhm chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuairiscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Cúraimí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 44 den Acht 2013 iniúchóireacht a dhéanamh ar ráitis airgeadais Chiste an Chrannchuir Náisiúnta agus tuairisc a thabhairt ina thaobh do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuairiscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míthuairiscí ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míthuairiscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuairisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta lena mbaineann.

Cuirim an Rialálaí ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithním le linn m'iniúchta.

Déanaim tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim d'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an ráiteas ar rialú inmheánach atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna an ráiteas ar rialú inmheánach a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis atá ann neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuairiscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuairisc ábhartha san fhaisnéis sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má thagaim ar chúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Cuntas ar Admhálacha agus Íocaíochtaí

## don bhliain a chríochnaigh 31 Nollaig 2021

| | | 2021 | | 2020 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Notaí** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Faighte ón oibritheoir | 4 | | 682,338 | | 576,302 |
| **níos lú:** | | | | | |
| Íoctha don oibritheoir i dtaca le: | 5 | | | | |
| Duaiseanna | | 286,724 | | 238,602 | |
| Cearta an oibritheoir | | 103,296 | 390,020 | 88,729 | 327,331 |
| | | | 292,318 | | 248,971 |
| **níos lú:** | | | | | |
| Íochta don Rialtóir i dtaca le Tobach an Rialtóra | 9 | | 1,513 | | 1,542 |
| | | | 290,805 | | 247,429 |
| Ús Infheistíochta Faighte/(Íoctha) | 6 | | (204) | | (233) |
| | | | 290,601 | | 247,196 |
| Aistrithe don Chiste Lárnach | 7 | | (289,709) | | (254,223) |
| Duaiseanna stairiúla in éag a aistríodh don Chiste Lárnach | 8 | | 0 | | (16,092) |
| Méadú/(Laghdú) in Infheistíocht Aistrithe go/(ó) Chúlchiste | | | **892** | | **(23,119)** |

## Cuntas Chúltaca

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | **€'000** |
| Iarmhéid ar éarlais at 1 Eanáir | | 20,703 | 43,822 |
| (Méadú) / Laghdú ar Infheistíocht | | 892 | (23,119) |
| Iarmhéid ar éarlais ar 31ú Nollag | 6 | 21,595 | 20,703 |
| **níos lú:** | | | |
| Dliteanas do Tobach an Rialtóra | 9 | (83) | (79) |
| Dliteanas do Chuntas Chiste na nDuaiseanna | 10 | (0) | (5,719) |
| Iarmhéid ar fáil do dháileadh tríd an Chiste Lárnach | 7 | **21,512** | **14,905** |

Tá nótaí 1 go 12 mar chuid de na Cuntais seo



**Carol Boate**
Rialtóir don Chrannchuir Náisiúnta
21 Meitheamh 2022

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Nótaí do na Cuntais

## 1 | An Crannchur Náisiúnta

Leanann an Crannchur Náisiúnta, a bunaíodh in 1986, ar aghaidh i gcomhréir le Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 ('an tAcht'). Thosaigh Premier Lotteries Ireland Limited ("PLI"), comhlacht cláraithe Éireannach, mar oibritheoir ar an 30ú Samhain 2014 faoi cheadúnas ('an Ceadúnas") ar feadh 20 bliain, bronnta ag an Aire Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú ar an 27ú Feabhra 2014.

## 2 | Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Leanann Ciste an Chrannchur Náisiúnta ("an Chiste") a bunaíodh faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta 1986 ar aghaidh mar gheall ar Roinn 44 d'Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013. Faoi Roinn 7 na hAchta, ceapadh Rialtóir an Chrannchuir Náisiúnta ag an Aire Caiteachas agus Athchóiriú, agus i gcomhréir le Roinn 44 na hAchta, tá an Chiste faoi bhainistiú agus srianta ag an Rialtóir.

Faigheann An Chiste fáltais an Chrannchuir Náisiúnta ón oibritheoir agus íocann sé méideanna áirithe i gcomhréir le duaiseanna, tobhach bliantúil an Rialtóra, agus cearta an oibritheora faoin gCeadúnas. Aistríonn an Rialtóir Cistí, ag bearnaí dearbhaithe ag an Aire, go dtí an státchiste (tar éis cur ar fáil cuí na dliteanais buíon atáthar ag súil le), le hiarratas do na cuspóirí atá leagtha amach san Acht. Déantar na méideanna dlite ag Cúiseanna Mhaithe a mheas mar a leagadh amach san Acht agus an Ceadúnas mar 65% de oll-ioncam an chearrbhachais.

I gcomhréir le clásal 6.2 den Cheadúnas, tá cuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta faoi stiúir an Rialtóra i mBanc Lárnach na hÉireann.

## 3 | Cuntais an Chiste

Sna cuntais tá cur síos ar méideanna íoctha isteach agus ag an gCiste le linn na bliana faoi athbhreithniú le chéile le anailís ar an iarmhéid a sheas ag deireadh na bliana. Chomh maith le sin, faoi Roinn 44 d'Acht um Chrannchuir Náisiúnta 2013, teastaíonn ón Rialtóir cuntais an Chiste a chuir isteach go bliantúil don tArdreachtaire agus Iniúchóir Ginearálta le hiniúchadh, le cóip na gcuntais a iniúchadh curtha le chéile le cóip an tuairisce ón tArdreachtaire agus Iniúchóir Ginearálta mar sin a bheith leagtha amach os comhair gach Teach den tOireachtas.

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Nótaí do na Cuntais

## 4 | Méideanna Faighte ón Oibritheoir

Mar atá ag teastáil ón Acht, tá méideanna faigthe ón oibritheoir mar fáltais ar dhíolaíocht ticéad lúide atháireamh miondíoltóirí agus duaiseanna íochta ag díoltóirí. Ba iad na méideanna a faigheadh ón oibritheoir ná €682 milliúin in 2021 (2020: €576 milliúin).

Díolachán iomlán, ar bhunús fabhrú don bhliain a chríochnaigh ar 31ú Nollag 2021, aitheanta i ráitis airgeadais an oibritheoir, ná €1,053.7 milliúin (2020: €918.9 milliúin).

I dteannta leis na caitheamh cuntasaíochta difriúla a glacadh leo sa Chiste agus an oibritheoir (i.e., bunús admhálacha airgead tirim i gcomparáid le bunús fabhrú), tá na méideanna faighte ag an gCiste tar éis coimisiúin na ndíoltóirí a bhaint agus na duaiseanna íoctha ag na díoltóirí, cé go bhfuil na Díolacháin tuairiscithe ag an oibritheoir roimh na hasbhaintí sin.

## 5 | Méideanna Íochta don Oibritheoir

Is iad na méideanna a íocadh don oibritheoir ná €390 milliúin in 2021 (2020: €327 milliúin), €287 milliúin i gcomhréir le híocaíochtaí na nduaiseanna (2020: €238 milliúin) agus €103 milliúin i gcomhréir le cearta an oibritheoir (2020: €89 milliúin).

## 6 | Infheistíochta an Chiste

Tá gach airgead ón Chiste coinnithe i gcuntas éarlaise faoi chúram Banc Lárnach na hÉireann. Tá Ús Diúltach mar tháille ar an gcuntas seo ó mhí Iúil 2014. Éiríonn sé seo ó chinne ECB (EC/2014/23) a bhaineann le comhalartú éarlaisí, iarmhéideanna agus sealúchais ar chúlchistí iomarcacha, a bhfuil éifeacht aige ar comhalatrú na héarlaisí rialtais ag na Bainc Lárnacha Náisiúnta. Déantar ús a mheas ar bhonn laethúil, agus íoctar é faoi dhó in aghaidh na bliana. Aithnítear ús ar íocaíocht nó admháil. Bhain méid €54,772 leis an t-ús neamh-íocaithe ag an gCiste i gcomhréir le 2021 ag deireadh na bliana.

## 7 | Aistrithe don Chiste Lárnach

Tá Cistí curtha i dtreo Cúiseanna Maithe i gcomhréir le clásal 6.6 den cheadúnas agus is iad 65% de oll-ioncam iomlán an chearrbhachais (GGR) measta ar bhonn bliantúil, i gcomhréir le sceidil 2 an ceadúnas. Is ea GGR ná díolacháin iomlán liúde duaiseanna, mar a dhéantar cur síos ar i gClásal 1.1.24 den cheadúnas. Ar lean ó sholáthar dliteanais reatha an Chiste agus aon dliteanais féideartha nó buíonta, eagraíonn an Rialtóir cistí a aistriú curtha ar leataobh do Chúiseanna Maithe, ag bearnaí dearbhaithe ag an Aire ó Chiste an Chrannchur Náisiúnta go dtí an Chiste Lárnach. Déantar vótáil ag an Oireachtas maidir le hairgead an Chiste Lárnach a chionrian le tairbhí, trí phróiséas bliantúil meastacháin agus eisítear airgead le linn na bliana agus, tugtar cuntas orthu tríd na Cuntais Fóirstineacha.

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Nótaí do na Cuntais

## 8 | Iarmhéid Coinnithe i gComhréir le Duaiseanna Stairiúla atá in Éag

Ar 17ú Aibreáin 2020, rinneadh méid €16.092m a aistriú ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta go dtí an Chiste Lárnach i gcomhréir le Duaiseanna Stairiúla in Éag nár Éilíodh a tháinig aníos faoin cheadúnas deiridh faoi obráid Comhlacht an Chrannchuir Náisiúnta ó An Post. D'fhán an méid seo in áirithe roimhe seo sa Chiste, ag fanacht ar dhearbhú an Rialtóra, agus aontas le PLI, oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta, gur féidir an t-aistriú seo a dhéanamh. Mar thoradh de seo bhí laghdú ar srianta an chiste seo ar an 31ú Nollag 2020 go dtí dada.

## 9 | Dliteanas do Tobach an Rialtóra

I gcomhréir le hAcht um Chrannchuir Náisiúnta 2013, cuireann an ceadúnas íocaíocht ar fáil ag an oibritheoir do thobach bliantúil go dtí an Rialtóir le costais a thabhaigh an Rialtóir a chlúdaigh. Déantar méideanna mar seo a bhaint ó íocaíochtaí don oibritheoir agus déantar iad a choinneáil sa Chiste le haghaidh íocaíocht don Rialtóir. Ia ea an méid atá dlite don Rialtóir ar an 31ú Nollag 2021 ná €83,140.

## 10 | Dliteanas do Chuntas Chiste na nDuaiseanna

Déantar íocaíochtaí ón Chiste do Chiste Chuntas na nDuaiseanna i gcomhréir le duaiseanna ar bhonn seachtainiúil, bunaithe ar duaiseanna atáthar ag súil le mar atá nótáilte ag an oibritheoir. Tar éis athbhreithniú sonraithe, agus le haontas an oibritheora, tá deimhnithe ag an Rialtóir go bhfuil dliteanas an Chiste go dtí Cuntas Chiste na nDuaiseanna le haghaidh duaiseanna cearta a buaitear. Aontaigh an Rialtóir agus an oibritheoir an ceadúnas a leasú i mBealtaine 2021 le tabhairt faoi modh socruithe an difreálach idir duaiseanna cearta agus iad a bhítear ag súil leo, ar bhonn bliantúil mar mhéid cothromú.

Is ea €NIL an méid atá dlite ón Chiste go dtí Cuntas Chiste na nDuaiseanna ar 31ú Nollag 2021. Ar an dáta sin, bhí méid €6,205,817 dlite don Chiste ó Chuntas Chiste na nDuaiseanna (€9,547,410 lúide €3,341,593 dlite ag an oibritheoir). Tharla an fháltais, agus íocaíocht ar lean, ar an 31ú Márta 2022 agus 1ú Aibreáin 2022 faoi seach.

Is ea dliteanas €5,719,364 san áireamh ag 31ú Nollag 2020 ná an méid cnuasaithe cothroma dlite ag an gCiste do Chuntas Chiste na nDuaiseanna ó thús an cheadúnais go dtí 31ú Nollag 2020, agus íocadh é seo 22ú Meitheamh 2021.

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Nótaí do na Cuntais

## 11 | Táille an Iniúchta

Íoctar táille an Iniúchta ag Oifig an Rialtóra don Chrannchuir Náisiúnta. Is ea €6,900 táille an Iniúchta don 2021.

## 12 | Dearbhú do Chuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta

Rinne Cuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta a dhearbhú i gcomhréir leis an mbliain a chríochnaigh ar 31ú Nollag 2021 ag an Rialtóir ar 21ú Meitheamh 2022.

# Notaí

# Notaí

Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

www.rnl.ie